

FÍS AN PHOBAIL
PLEAN TEANGA FEIRSTE THIAR

# Saol trí Ghaeilge

Tuairisc Athbhreithnithe ar Sheirbhísí Luathbhlianta agus Imeachtaí Teaghlaigh i gCeantair Líonra Feirste Thiar

Dr. Órla Nig Oirc

Meitheamh 2024

# Clár na nÁbhar


- Brollach – An tOll. Elin Haf Gruffydd Jones 2
- Réamhrá 3
- Achoimre Chomhthéacsúil 5
- Achoimriú ar Litríocht Taighde maidir le Tumadh Teanga Teaghlaigh agus Cleachtais Teanga Dúchasaí 9
- Soláthar Reatha na Seirbhísí Teanga Teaghlaigh i gComhthéacs na Gaeilge 11
- Cás-Staidéar i gCaerdydd, an Bhreatain Bheag (Márta 2024) – Samplaí de Dhea Chleachtas a Roinnt 13
- Modheolaíocht Taighde 15
- Plé ar Thorthaí
  - i) Suirbhé 17
  - ii) Fócasghrúpaí 19
- Achoimre 30
- Conclúid agus Moltaí 32


Tá tacaíocht faighte ag Fís an Phobail don taighde seo ó:

Foras na Gaeilge | COMMUNITY FUND | Department for Communities

# Nótaí buíochais

## ...ó Fhís an Phobail

Is scáthghrúpa é 'Ag Tógáil Clainne le Gaeilge' do ghrúpaí pobail, acadóirí agus tuismitheoiri atá lonnaithe sa líonra pleanála teanga in Iarthar Bhéal Feirste agus atá tiomanta le muinín agus tacaíocht chuí a chur ar fáil do theaghlaigh sa cheantar le gur féidir saol trí Ghaeilge a bheith acu. Tá sé d'aidhm againn go mbeidh eagraíochtaí ag obair ar bhonn comhtháite le tacú le teaghlaigh ag achan chéim den aistear ar bhealach a neartaíonn an Ghaeilge mar theanga bheo sa bhaile.

Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghabháil leis An Roinn Pobal agus leis an Chiste Tionscadail ón National Lottery as an mhaoiniú a chur ar fáil don taighde seo. Tá muid fosta faoi chomaoin ag bunmhaoinitheoirí Fhís an Phobail, Foras na Gaeilge fríd an tionscadal ceannródaíoch Scéim na Líonraí Gaeilge.

Tá moladh faoi leith tuilte ag na páistí agus a dtuismitheoirí a bhíonn ag freastal go rialta ar imeachtaí agus seirbhísí teaghlaigh trí Ghaeilge sa cheantar agus atá ag múnlú forbairt earnála fríd a rannpháirteachas bríomhar. Tá Fís an Phobail ag obair go dlúth le heagraíochtaí áitiúla, go príomha, Glór na Móna, Ionad Uíbh Eachach agus an Chultúrlann le seirbhísí cuimsitheacha teaghlaigh a fhorbairt sa cheantar. Ní mór aitheantas faoi leith a thabhairt d'Ionad Uíbh Eachach, Ionad na Fuiseoige agus Teach Mhamó atá ag soláthar seirbhísí luathbhlianta le blianta sa cheantar, atá mar bhunchloch na hathbheochana go háitiúil. Tá tacaíocht iontach á chur ar fáil, go háirithe i dtaca le cúrsaí traenála, ag Altram agus Gaelchúrsaí fosta. Tá eagraíochtaí eile ar nós Seachtain na Gaeilge agus Laochra Loch Lao CLG ag soláthar imeachtaí agus seirbhísí d'ardchaighdeán atá ag cur go suntasach leis an eispéireas atá ag teaghlaigh anseo.

Gabhann muid buíochas lenár gcairde sa Bhreatain Bheag a chuir fáilte romhainn don turas stáidéir, áit ar fhoghlaim muid go leor agus fosta le Tuismitheoirí na Gaeltachta. Chaith muid seal leo i gConamara agus is eiseamláir iontach iad dúinn i gcónaí. Tá muid buíoch as Glór na nGael as an chomhairle agus tacaíocht i gcónaí.

Ar deireadh, tá muid thar a bheith buíoch as an Dr. Órla Nig Oirc ach as obair cheannródaíoch, chuimsitheach atá déanta aici leis an taighde tábhachtach seo.

## ...ón Údar

Bhí sé de phléisiúir agam tabhairt faoin phíosa oibre seo bunaithe ar an earnáil teaghlaigh mar chuid de dhul chun cinn Phlean Teanga Iarthar Bhéal Feirste. Ba luachmhar an taithí seo dom go háirithe agus mé le bheith ag toiseacht amach ar mo chéad aistear féin mar thuismitheoir agus a bheith ag tógáil clainne le Gaeilge san Fhómhar agus ba mhór an sult agus tairbhe a bhain mé as na comhráití agus plé a bhí agam le gach rannpháirtí a thug ionchur tábhachtach óna gcuid cleachtais agus taithí san earnáil. Mo bhuíochas ó chroí leo siúd a thug a gcuid ama le bheith páirteach sa taighde seo. Ina theannta sin ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Choiste 'Ag Tógáil Clainne le Gaeilge' agus Fís an Phobail as an deis seo a sholáthar dom; is sibh atá ag tabhairt faoin obair cheannródaíoch seo ar bhonn laethúil agus tá ardmholadh tuilte do chách as gach a dhéanann sibh. Le cois, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leo siúd a thug tacaíocht mhaoinithe don phíosa seo.

# Brollach

## Professor Elin Haf Gruffydd Jones

**Stiúrthóir ar Lárionad um Ardstaidéar na Breatnaise agus an Léinn Cheiltigh in Ollscoil na Breataine Bige**
**Uachtarán - Líonra Eorpach um Chomhionannas Teanga**

Tá an-áthas orm cuireadh a fháil chun réamhrá a scríobh ar an tuarascáil thábhachtach seo.

Mar acadóir agus mar Uachtarán ar an Líonra Eorpach um Chomhionannas Teanga, tuigim a thábhachtaí is atá sé athbheochan teanga a bhunú ar dhá bhunchloch: an fhianaise agus na léargais chriticiúla a thagann ó thaighde ceart chomh maith leis an chumasú pobail agus mandáid dhaonlathach a thugann tionscnaimh phobalbhunaithe dár gcomhghníomhartha. Tá an dá ghné sin le feiceáil sa tuarascáil seo agus ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh le Dr. Órla NIg Oirc as caighdeán an taighde agus le Fís an Phobail as an obair a choimisiúnú. Go raibh míle maith agaibh.

Tá sé cheart againn a bheith ag súil le polaiteoirí tofa polasaithe poiblí a fhorbairt atá bunaithe ar fhianaise. Ar an dóigh chéanna, thig linne mar ghníomhaithe, cainteoirí agus tacadóirí teangacha mionlaithe ár n-argóintí a threisiú agus na hathruithe do pholasaithe a mholann muid a bheith níos soiléire nuair a bhaineann muid úsáid as saineolas lucht taighde. Is eol don tsaol mhór na dúshláin atá roimh go leor de theangacha an domhain agus ár n-oidhreacht choiteann chultúrtha agus theangeolaíoch: ní mór do réiteach na ndúshlán sin a bheith chomh soiléir fosta. Tá réitigh dhearfacha uainn do thodhchaí ár dteangacha.

Tá méadú ar an aird idirnáisiúnta atá ar athbheochan na Gaeilge trí thionscnaimh pobail i mBéal Feirste agus sna sé chontae. Is spreagadh iad na gníomhartha leanúnacha de chuid na ngluaiseachtaí sóisialta thar na blianta (go minic i ndroch-choinníollacha) do na heagraíochtaí atá mar chuid den Líonra Eorpach um Chomhionannas Teanga. Sa tuarascáil seo, is léir an tábhacht agus an luach a bhaineann le daoine a cheangail le chéile. Thig linn foghlaim óna chéile i gcomhthéacs ár dteangacha: is é an chloch is mó ar ár bpaidrín sealbhú agus úsáid teanga i measc daoine óga agus ní mór dúinn fios a bheith againn faoi na gnéithe atá ag oibriú i sóisialú cultúrtha agus teangeolaíoch na nglúnta níos óige trí theangacha mionlaithe an oiread céanna leis na scéalta a bhaineann leis an tumoideachas inár dtíortha.

Agus muid ag breathnú ar an am atá thart, thig linn an dul chun cinn a fheiceáil atá déanta ó bunaíodh an scoil níos mó ná caoga bliain ó shin. Inniu, léiríonn torthaí an daonáirimh go bhfuil borradh as cuimse ar líon na ndaoine a bhfuil eolas acu ar an Ghaeilge. Anois an t-am le tuilleadh deiseanna a chruthú le haghaidh úsáid na teanga. Ádh mór leis an obair.

“ ”

*It is infinitely easier to socialise children into an environmentally utilised language than into one the remains unutilised outside of the easily compartmentalised school-experience...It is the linkage (with intergenerational social functions through the second language) that enables the threatened language to become a first language of a new generation...Were this linkage to come apart, then the school would again lapse into being only a second language institution and the threatened language would become compartmentalised there, having neither backward nor forward linkages*

**Joshua FIshman, 2001**

# Réamhrá

Is líonra ionadaíoch an phobal í Fís an Phobail atá i gceannas ar obair Phlean na Gaeilge (Foras na Gaeilge, 2021) in Iarthar Bhéal Feirste(.) Is Líonra Pleanála Teanga í freisin a dhéanann éascaíocht ar Fhóram Stiúrtha Tionscadal trastéamach atá bunaithe ar an cheantar lena gcuimsítear 11 eagraíocht forbartha Gaeilge in Iarthar Bhéal Feirste. Is eagraíocht phobail agus óige Gaeilge é Glór na Móna agus tá sé i gceannas ar an Phlean Teanga ar a bhfuil freagracht straitéiseach, oibríochtúil agus airgeadais chun maoirseacht a dhéanamh ar an Phlean teanga ar son an líonra Fís an Phobail agus tá sé ar cheann de dhá eagraíocht bunaithe ó thuaidh atá ag tabhairt faoin tasc forleathan faoi láthair chun cleachtas pleanála teanga a leabú ag leibhéal cosmhuintire. Cuimsítear leis seo naisc a láidriú idir tionscnaimh phobail agus theanga atá ann faoi láthair agus bearnaí a shainaithint, agus nuair is féidir, cláir agus tionscadail a fhorbairt chun na bearnaí sin a líonadh, ina réimsí faoi seach. Bhain Iarthar Bhéal Feirste stádas líonra pleanála teanga amach in 2018 agus ceadaíodh a bPlean Teanga i mí Márta 2020, mar thoradh ar an athbheochan cheannródaíoch arna stiúradh ag an phobal a fréamhaíodh in eagraíocht Ghaeltacht Bhóthar Seoighe agus is ann a bunaíodh an chéad bhunscoil Ghaeilge os cionn 50 bliain ó shin, rud a d’fhág gur tháinig borradh faoi fhás na teanga agus faoin spéis sa teanga, arna léiriú ag an infreastruchtúr éagsúil agus orgánach atá á fhorbairt ón bhun aníos. Agus stádas á bhaint amach mar cheantar líonra pleanála teanga, ceapadh an comhordaitheoir pleanála teanga i mí Mheán Fómhair 2022. Is é an aidhm iomlán atá ag Líonra Teanga Iarthar Bhéal Feirste (Fís an Phobail) ná tacú le forbairt líon criticiúil na gcainteoirí chun pobal teanga inbhuanaithe a chothú agus a láidriú sna blianta atá amach romhainn. Cuireann aitheantas oifigiúil an líonra seo stádas náisiúnta ar fáil dár gcuid oibre agus ceanglaíonn sé muid le limistéir pleanála teanga eile ar fud na hÉireann, sa Ghaeltacht agus lasmuigh di. Chomh maith leis sin, cuireann na hacmhainní breise a théann leis an tionscadal spás ar fáil chun cuid de na gnéithe dár bplean uaillmhianach a chur i bhfeidhm ina n-aithnítear soláthar reatha agus ina ndéantar measúnú ar an soláthar céanna agus a fhorbraíonn plean gníomhaíochta chun bearnaí i soláthar a líonadh, bearnaí a shainaithnítear tríd an phlean teanga, sna blianta atá amach romhainn.

Tugadh eochairghné de phleanáil teanga phobail chun solais mar thosaíocht le haghaidh tuilleadh forbartha agus infheistíochta, is í an eochairghné sin, seirbhísí polasaí le aghaidh pleanáil teanga teaghlaigh a sheachadtar tríd an Ghaeilge. Tá seirbhísí pleanála teanga teaghlaigh i bhfeidhm i gceantar Iarthar Bhéal Feirste agus ba bhunghnéithe iad chun spásanna le haghaidh sealbhú, babhtáil agus foghlaim teanga sóisialta a chur chun cinn, aithníodh sa phlean teanga go bhfuil roinnt mhaith forbartha

fós le déanamh chun an sainchúram riachtanach seo i bpleanáil teanga a fheabhsú agus a chothú. Trí Phlean Teanga Iarthar Bhéal Feirste, bunaíodh coiste de sholáthraithe seirbhíse agus cleachtóirí, mar aon le tuismitheoirí, do theaghlaigh áitiúla agus do pháistí sna luathbhlianta, 'Ag Tógáil Clainne le Gaeilge' a tugadh ar an choiste agus tionólann sé ar bhonn rialta chun plé a dhéanamh ar imeachtaí amach anseo agus iad a phleanáil agus chun comhoibriú ar na himeachtaí mar chuid de Líonra Ghaeilge Iarthar Bhéal Feirste níos leithne. D'eascair inspioráid an taighde seo as an phlé ar fhorbairt earnála agus deiseanna féideartha a aimsiú le haghaidh forbairt i soláthar teaghlaigh tríd an choiste seo a choimisiúnaigh an píosa seo; agus é mar aidhm acu cleachtas agus forfheidhmiú beartais a mhúnlú amach seo maidir le seirbhísí Gaeilge do theaghlaigh.

Feidhmeoidh an tuarascáil seo mar athbhreithniú measúnachta ar sholáthar seirbhíse Gaeilge do theaghlaigh laistigh de Cheantar Líonra Gaeilge Iarthar Bhéal Feirste; agus beidh sé ann do theaghlaigh atá ag tógáil a gclann trí Ghaeilge nó do theaghlaigh atá ag déanamh cinneadh chun freastal ar sheirbhísí Gaeilge, chun tacú lena bpáistí chun Gaeilge a labhairt agus a úsáid ar bhonn laethúil. Cuirfear achoimre chomhthéacsúil ar thírdhreach reatha na Gaeilge ar fáil go háirithe maidir le comhthéacsanna teaghlaigh, cuirfear, mar aon le cuntas de scoláireacht ábhartha maidir le tumadh teanga teaghlaigh agus de na tairbhí a bhaineann le tumadh dúchasach agus le rannpháirtíocht sa phobal. Ansin, déanfar plé ar aidhmeanna an pháipéir taighde seo sula dtabharfar aghaidh ar na ceisteanna taighde a úsáidtear mar chuid de chur chuige measctha modheolaíoch, rannpháirtíoch a cuireadh i bhfeidhm sa chuid bailithe sonraí den staidéar. Cuirfear plé agus anailísiú ar na torthaí ó na suirbhéanna i láthair (Aguisín A) mar aon le plé fócasghrúpa leath-struchtúrtha (Aguisín B) a dhéantar le rannpháirtithe sula mbainfear na tátail agus sula ndéanfar cinneadh maidir leis na chéad chéimeanna eile maidir le gníomh ionas go mbeidh tuilleadh borrtha faoi sheirbhísí agus faoi sholáthar teanga teaghlaigh agus ionas go mbeidh sé in ann fás ar dóigh a bhfreastalaíonn ar riachtanais na ndaoine atá ag tógáil páistí go dátheangach agus ar dóigh a spreagtar láidriú athbheochan arna stiúrtha ag an phobal sa sainchúram is tábhachtaí – úsáid na teanga sa bhaile. Cuirfear achoimre ar fáil sa chéad chuid eile ar comhthéacs pobail na Gaeilge i ó thuaidh, go háirithe maidir le seirbhísí teaghlaigh agus maidir le hiarrachtaí pleanála teanga.



# Achoimre Chomhthéacsúil

Le roinnt mhaith blianta anuas, tháinig méadú suntasach ar líon na gcainteoirí agus ar an mhéid suime a chuirtear i nGaeilge ó thuaidh', go háirithe. Léirítear an fás orgánach i dtorthaí Dhaonáireamh 2021, inar tuairiscíodh go n úsáideann 5,969 freagróir Gaeilge mar phríomhtheanga agus thuairiscigh os cionn 43,500 freagróir (2.37% den daonáireamh) go n-úsáideann siad Gaeilge go laethúil. Tuairiscíodh i sonraí daonáirimh freisin ceantar na nGaeilgeoirí, agus thug Béal Feirste é sin chun solais mar phointe fócasach úsáide laethúla na Gaeilge inar tuairiscíodh go raibh 36,837 cónaitheoir inniúil sa teanga. Deirtear gur roinnt rudaí is cúis leis an fhás, lena n-áirítear an méadú leanúnach atá ag teacht ar oideachas Gaeilge ag gach leibhéal, soláthar seirbhíse feabhsaithe do bhaill de phobal na Gaeilge agus do bhaill nua de agus na hiarrachtaí feachtasaíochta a dhéanann grúpaí abhcóideachta teanga. Bhí róil riachtanacha ag bunú agus fás ollmhór na scoileanna Gaeilge go háirithe agus ag tabhairt isteach na Gaeilge in gcuraclaim oideachais príomhshrutha níos ginearálta chun glúin cainteoirí nua a chothú, i ainneoin an laghdú atá tagtha ar staidéar agus ar thairiscint na nua-theangacha, go háirithe Gaeilge, ag leibhéal na meánscoile i scoileanna Béarla le blianta beaga anuas mar thoradh ar an treallús i dtreo conairí slí beatha agus céime STEM tríú leibhéal i measc scoláirí. Chomh maith leis sin, chuir tionscnaimh meán agus tionscnaimh arna stiúradh ag an phobal atá ag cur na teanga chun cinn leis an tóir atá ar an Ghaeilge agus le hinfheictheacht sa saol poiblí. Tá na mílte daoine fásta cláraithe ar ranganna Gaeilge seachtainiúla, a chuireann an iliomad eagraíochtaí pobalbhunaithe ar fáil.

Is féidir a rá gurb iad iarrachtaí ceannródaíocha na ngníomhaithe Gaeilge i dtreo dheireadh na 1960idí is cúis le bunú oideachas na Gaeilge i dtuaisceart na hÉireann (O'Baoill, 2007). Cé gur iomaí cur in aghaidh reachtúil agus polaitiúil a bhí ann ar fud an tuaiscirt, bhunaigh na teaghlaigh seo pobal lonnaíochta tithíochta, curaclaim agus scoileanna tumoideachais agus seirbhísí Gaeilge poiblí eile a bhí pobalbhunaithe. Chuir a n-iarrachtaí sin tús le méadú na hearnála oideachais Gaeilge, a bhfuil méadú ag teacht uirthi go fóill agus spéis á léiriú inti (McKendry, 2007; McAdory agus Janmaat 2015). Is sampla iad na forbairtí claochlaithe seo de phleanáil teanga atá pobalbhunaithe, rud a ndéanann Hornberger (1996) cur síos air mar 'bottom-up rather than top-down' forbairtí atá orgánach agus ag leibhéal na cosmhuintire seachas oifigiúil agus tacaíocht faighte acu ón rialtas. Tugann figiúirí le gairid ón Daonáireamh is deireanaí (NISRA 2021) agus an Roinn Oideachais (2023) le fios gur rogha é oideachas Gaeilge a bhfuil an-tóir air i gcónaí agus is í an earnáil is mó fáis in oideachas anois in ainneoin na n-éagothroimí struchtúracha seanbhunaithe[1], agus 7,500 scoláire cláraithe in oideachas Gaeilge sa bhliain acadúil 2023/24.

Tá ról riachtanach ag scoileanna agus ag seirbhísí teanga tumthacha chun inniúlacht teangeolaíochta a thabhairt ar ais i measc na nglúnta óga ag a raibh beagán deiseanna a teanga oidhreachta a úsáid sa bhaile, rud a taifeadadh go forleathan go hidirnáisiúnta i gcomhthéacsanna teanga dúchasaí (Ó Baoill, 2007; Kipp, 2009; Hinton, 2011; McCarty agus Nicholas, 2014, Lewis agus Simons, 2016). Cuireann siad teangacha imeallaithe agus mionlaithe ar fáil a ndearna sochtheangeolaí Joshua Fishman tagairt dó mar spás nó 'breathing space' don teanga chun an teanga a fhréamhú agus go dtiocfaidh borradh fúithi. Is díol suntais é seo go háirithe in earnáil na Gaeilge, ina dtagann go leor scoláirí ó teaghlaigh nach í Gaeilge an an chéad teanga go hiondúil ag na príomhchúramóirí; déanfar tuilleadh plé air seo thíos. Is foghlaimeoirí dara teanga iad seo i dtéarmaí sochtheangeolaíocha. Mar sin, tá cláir agus seirbhísí luath-thumoideachais foirmeálta agus neamhfhoirmeálta araon ríthábhachtach chun tacú le cur chun

[1] https://www.independentreviewofeducation.org.uk/files/independentreviewofeducation/2022-09/Comhairle%20na%20Gaelscolaiochta.pdf



cinn agus forbairt na dteangacha dúchasacha, agus i gcás an staidéir seo, d'athbheochan na Gaeilge ó thuaidh.

Neartaíodh forbairt thapa oideachas na Gaeilge a thuilleadh de bharr fás orgánach ar infreastruchtúr teanga níos leithne, pobalbhunaithe. Éascaíodh é seo, go mór, le bunú an chomhlachta maoinithe Uile-Éireann, Foras na Gaeilge, mar chuid de Chomhaontú Aoine an Chéasta a chuir infheistíocht ar fáil i dtionscadail phobail Ghaeilge den chéad uair ó bunaíodh an stát ar bhonn comhsheasmhach i dTuaisceart Éireann. Chuir fás an infreastruchtúir pobail seo fearainn shóisialta bhreise ar fáil ionas go dtiocfadh borradh faoin teanga, lasmuigh den oideachas foirmeálta. Cé go n-aithníonn Joshua Fishman, Miquel Strubell agus sochtheangeolaithe mór le rá eile oideachas tumthach foirmeálta mar bhunchloch le haghaidh athbheochan rathúil, aithníonn siad freisin nach féidir leis feidhmiú go rathúil gan cur chuige aontaithe, comhtháite a chabhraíonn le: 'páistí a shóisialú isteach i dteanga a úsáidtear ina dtimpeallacht lasmuigh d'eispéireas scoile atá so-rangaithe nó' 'socialise children into an environmentally utilised language outside of the easily compartmentalised school-experience' (Fishman, 2001, lch.15) . Is é príomhaidhm na samhla athbheochana seo ná an spriocthteanga a thabhairt isteach sa bhaile, mar a rinne i bpobal Ghaeltacht Bhóthar Seoighe den chéad uair. Tugann fianaise staróigach le fios gur tharla sé seo, cé gur ar bhonn teoranta a tharla sé, agus, den chuid is mó, iardhaltaí na scoileanna lán-Ghaeilge a tógadh le Béarla iad féin a bhí ann, agus iad anois ag roghnú chun a bpáistí féin a thógáil trí Ghaeilge.

Ní mór a thabhairt faoi deara ag an phointe seo na héagsúlachtaí atá ann sna déimeagrafaic de theaghlaigh laistigh de limistéar pleanála teanga Iarthar Bhéal Feirste; na teaghlaigh sin ina bhfuil an Ghaeilge mar phríomhtheanga (T1) an tí, na teaghlaigh sin ina bhfuil Gaeilge líofa ag tuismitheoir amháin

(Teanga-amháin-tuismitheoir-amháin nó OPOL) nó teaghlaigh nach bhfuil inniúlacht teanga ag aon duine de na cúramóirí ach a roghnaíonn tumoideachas Gaeilge mar oideachas foirmeálta a bpáistí agus mar sin déanann siad iarracht teacht ar sheirbhísí teaghlaigh breise chun a nochtadh teangeolaíochta a fheabhsú, i bhfianaise thábhacht seanbhunaithe an luath-thumoideachais le haghaidh forbairt theangeolaíoch agus chognaíoch.

In ainneoin an róil chriticiúil atá ag tumoideachas in iarrachtaí athneartaithe teanga i bpobail teanga dúchasaí ar fud an domhain, deimhníonn Ó Ceallaigh agus Ní Dhonnabháin (2015) gurb amhlaidh nach bhfuil bunú agus cleachtais tumoideachais foirmeálta atá le fáil i samhail Gaeloideachas leo féin chun an daonra a athGhaelú. Tá tumadh teanga trí oideachas foirmiúil srianta maidir lena acmhainneacht le haghaidh athbheochana; agus is iondúil go gcoinníonn sé an teanga laistigh de sheomraí ranga scoileanna agus de shuíomhanna oideachais foirmeálta. D'fhéadfaí cás a dhéanamh gurb é an fáth ar chuir forbairt na dtionscnamh agus na seirbhísí teanga feabhas ar fhoghlaim teanga agus ar dheiseanna teagmhála leis an teanga do gach ball an phobail, go háirithe do pháistí agus do dhaoine óga a bhféadfadh rochtain theoranta a bheith acu ar an teanga lasmuigh den suíomh scoile foirmeálta. Is sna spásanna seo a n-éiríonn modh sóisialaithe, nasctha, muintearais den teanga agus ligeann siad don teanga forbairt agus leanúint ar aghaidh go nádúrtha mar mhodh cumarsáide.

Bhí ról tábhachtach ag bunú agus ag forbairt na seirbhísí oideachais luathbhlianta Gaeilge in athneartú teanga sa phobal agus maidir leis an earnáil. Cuireann oideachas luathbhlianta teagmháil mhéadaithe ar fáil don teanga do pháistí atá ag aois na réamhscoile, agus cuireann sé deiseanna ar fáil do thuismitheoirí páirt a ghlacadh in eispéireas foghlama a bpáistí. In ainneoin an ratha seo, mar atá cruthaithe ag figiúirí an daonáirimh agus ag fás an IME, tá an pobal Gaeilge agus an earnáil dheonach agus luathbhlianta fós ag fulaingt de bharr laghduithe móra i maoiniú agus neamhréireanna maidir le hacmhainniú agus soláthar seirbhísí (Ní Gréacháin, 2023; Lynch, 2023; An Dream Dearg, 2023[2]; Conradh na Gaeilge, 2022). I mí Eanáir 2023, bhí laghduithe maoinithe ag earnáil na luathbhlianta suas le 45% agus bhí baol ann go gcaillfí Maoiniú Pathway, in ainneoin ráitis pholaitiúla agus reachtúla faoin tábhacht le soláthar seirbhíse luathbhlianta do pháistí ó thuaidh. D'fhéadfadh an cinneadh sin a bheith tubaisteach ach cuireadh ina cheart é agus fuarthas 40% den mhaoiniú ar ais roimh ath-insealbhú fheidhmiúchán Stormont go luath in 2024, agus leithdháil an tAire Oideachais reatha pacáiste tacaíochta dar luach £25m ar luathfhoghlaim agus ar earnáil cúraim leanaí (an Roinn Oideachais, 2024). In ainneoin an mhéid sin, bíonn go leor soláthraithe luathbhlianta ag streachailt freastal ar phríomhchostais chun a bpríomhsheirbhísí a chur ar fáil. Cuireadh an tábhacht le luathbhlianta Gaeilge agus na deacrachtaí maidir le tacaíocht reachtúil don Choimisinéir Leanaí do Thuaisceart Éireann le linn cuairt dea chleachtais ag seirbhísí cúraim lae áitiúla Gaeilge:

“ ”

*tá go leor dúshláin roimh earnáil luathbhlianta na Gaeilge freisin, san áireamh leo sin, tá easpa infheistíocht incriminteach mharthanach ann agus níl aon straitéis luchta saothair saincheaptha ann, agus tá éileamh ag teacht ar áiteanna inár suíomhanna luathbhlianta, teastaíonn tiomantas agus rannpháirtíocht ghníomhach uainn ónár rialtas'*

**(Altram, 2024[3] )**

[2] Cuireadh tús le hachainí ar Rúnaí Buan na Roinne Oideachais chun srian a chur le laghduithe ar mhaoiniú Luathbhlianta - https://www.dearg.ie/ga/uirlisi/stad-an-slad

[3] Tuarascáil iomláin ar fáil ag https://www.niccy.org/news/commissioner-receives-cead-mile-failte-in-irish-early-years-childcare-settings/

Is cinnte gur mór an scóip agus an t-éileamh atá ar fhorbairt bhreise le haghaidh seirbhísí phobal na Gaeilge, go háirithe na daoine a bhfuil sé de rún acu freastal ar riachtanais na dteaghlach agus ar thacaíocht teanga sa bhaile, a dteastaíonn cur chuige straitéiseach intuigthe agus comhtháite uaidh a chuireann cultúr chun cinn ina n-úsáidtear agus ina atáirgtear an Ghaeilge. Deimhníonn McCarty (2018) go mbreathnaítear ar phleanáil teanga mar fheiniméan go minic, agus go dtugann comhlachtaí reachtúla nó rialtais fúithi agus, Tollefson (1991, in McCarty, 2018) ina ndéantar an argóint seo '[that] government backed language planning frequently has inequitable consequences for speakers of minoritised or lesser used languages'. Feidhmíonn an taighde seo a bhfuiltear ag tabhairt faoi de réir aidhmeanna Fhís an Phobail, mar scála tomhais chun measúnú a dhéanamh ar sholáthar reatha, chun fiosrú a dhéanamh ar bhearnaí atá ann i seirbhísí reatha agus mar sin a bhfuil sé d'aidhm acu feasacht a mhéadú faoi na deiseanna agus na tairbhí ar fad atá ann d'Éireannaigh óga nuair a thógtar a gclanna trí Ghaeilge.

Tá sé tábhachtach go múnlaíonn gach moladh ó na páirtithe leasmhara iad féin gach straitéis forbartha atá dírithe ar chúrsaí teaghlaigh (tuismitheoirí atá ag tógáil clainne trí Ghaeilge nó le Gaeilge) agus tá sé tábhachtach go bhfuil siad fréamhaithe i dteoiric agus i ndea-chleachtas pleanála teanga. Deimhníonn McCarty (2018) gur cleachtas é pleanáil teanga a nglacann teaghlaigh, pobail agus daoine aonair páirt inti gach lá; chuige sin, tá sé de rún sa taighde seo measúnú a dhéanamh ar; agus solas a chaitheamh ar na riachtanais agus na conairí éagsúla ó bhun go barr agus é cruthaithe trí thaighde rannpháirteach le haghaidh forbairt agus abhcóideacht do sheirbhísí teaghlaigh arna seachadadh trí Ghaeilge mar chuid de Líonra Pleanála Teanga Bhéal Feirste Thiar.

Sula leanfaimid ar aghaidh le plé a dhéanamh ar chur chuige modheolaíochta an taighde seo, tá sé tábhachtach na deiseanna agus na tairbhí éagsúla a bhaineann le seirbhísí dátheangacha agus tumthacha dúchasacha a leagan amach a thuilleadh do theaghlaigh agus do na daoine atá ag iarraidh rochtain a fháil ar sheirbhísí teanga teaghlaigh agus páirt a ghlacadh sna seirbhísí ceanna.



# Achoimriú ar Litríocht Taighde maidir le Tumadh Teanga Teaghlaigh i gComhthéacsanna Dúchasacha.

Tá sé tuairiscithe agus glactar leis go forleathan go bhfuil go leor buntáistí ag baint le sealbhú dara teanga agus le luath-thumadh nuair atáthar ag déanamh machnamh ar chláir dhátheangacha agus tumoideachais (Bialystok, 2011,2018; Feldman agus Shen, 2012; Jawad agus Mutalib, 2021; Trebits et. al 2021). De réir Trebits et. al (2021), tá feasacht níos fearr ag páistí dátheangacha ar chúrsaí meititheangeolaíocha, tá inniúlacht chuimhne níos fearr acu, tá éirim neamhbhriathartha níos fearr acu agus tá tuilleadh cumais feidhmiúcháin níos éifeachtúla acu trí chéile ná a bpiaraí aonteangacha. Rinneadh taifead ar cháintí a bhaineann le haicme agus le míbhuntáistí socheacnamaíocha agus litearthachta i measc pobail dhátheangacha ach tugadh a ndúshláin agus bréagnaíodh iad le Bialystok (2018) ina ndeimhnítear gur féidir breathnú ar dhátheangachas mar acmhainn chognaíoch a chuireann le rath acadúil níos déanaí. Chuige sin, tá i bhfad níos mó i gceist ná na buntáistí cognaíocha agus cumarsáideacha a bhaineann le dátheangachas; agus tá go leor buntáistí a bhaineann le dúchas cultúrtha agus teangeolaíoch atá in ann cur le pobail mhionlaithe a d'fhulaing de bharr teacht isteach agus buanú an choilíneachais, rud a phléifear anois.

Cé go raibh cláir thumtha teanga agus curaclaim trí thimpeallachtaí scolaíochta foirmeálta lárnach maidir le caomhnú agus cur chun cinn na dteangacha dúchasacha ar fud an domhain (Engman, McGurk agus Mac Kenzie, 2023), tá gá ann i gcónaí le haghaidh deiseanna agus tionscnaimh shóisialta agus neamhfhoirmeálta chun timpeallacht a fheabhsú agus a ghineadh inar féidir le húsáid agus le rannpháirtíocht teangacha dúchasacha forbairt go dtí go mbeidh siad ina dteangacha beo i bpobail. De réir Hinton, Huss agus Roche (2018), níl ag an chuid is mó de na tíortha ar fud an domhain ach roinnt teangacha oifigiúla a fhaigheann tacaíocht agus teagmháil mhór reachtúil trí asraonta meán agus ina gcórais oideachais. Is ann don cheannas teangeolaíoch mar gheall ar 'language shift' (Fishman, 1991) atá ann de bharr impleachtaí cnaíteacha de choilíneachas ar dhaoine dúchasacha; próiseas a d'imir tionchar ar thírdhreacha, ar shícé, ar theangacha agus ar acmhainní nádúrtha. Mar thoradh ar nádúr cnaíteach an iompaithe teanga, is beag teanga sa saol atá ann i réimsí lasmuigh de phobal an fhocail labhartha ina ndéantar iarracht na teangacha dúchais sin a chothú agus a chaomhnú:

“ ”

*The destruction of languages is an abstraction which is concretely mirrored in the concomitant destruction of intimacy, family and community, via national and international involvements and intrusions, the destruction of local life.*

**(Fishman, 1991, p.4)**

Maíonn McCarty (2021) go bhfuil tionchar athnasctha agus an athbheochana na dteangacha dúchais ina chabhair chun feabhas a chur ar fholláine ina hiomláine trí dheiseanna a chruthú chun cultúr a threisiú, agus chun ionchuimsitheacht a chomhtháthú, a chumhachtú agus a chothú. Ach, caitheann Biddle agus Swee (2012) solas ar an dóigh nach bhfuil dóthain taighde eimpírigh ann faoi láthair sa réimse seo, go háirithe maidir le torthaí agus tionchar meabhairshláinte. Ach, thug Chandler agus Lalonde (2008) faoi scoláireacht maidir le tairbhí meabhairshláinte de rannpháirtíocht teanga dúchais, rud a thugann le fios gur féidir le rannpháirtíocht daoine óga i gcleachtas maidir le caomhnú cultúrtha a bheith ina chabhair chun rátaí féinmharaithe a laghdú i measc daoine óga dúchasacha. Ina dhiaidh sin agus uile, iarrann Walsh (2018) ar thuilleadh staidéar fadaimseartha cainníochtúla lena gcuimsítear gairmithe sláinte le cur i gcrích maidir le torthaí sláinte iomlána de dhaonraí dúchasacha.

Cuireann samhail theoiriciúil saibhrithe cur chuige iomlánaíoch ar fáil maidir le hathneartú teanga, ina leagtar béim ar an ghá le hiarrachtaí cuimsitheacha agus atá á gcur chun cinn ag an phobal lena chinntiú gur féidir na teangacha atá i mbaol a úsáid go hinbhuanaithe. Tugann an tsamhail saibhrithe rannpháirtíocht ghníomhach le fios i bpobal na teanga agus leagan sé béim ar an ghá le tionscnaimh atá á reáchtáil ag an phobal seachas cineálacha cur chuige ó bharr anuas. Tugann Fishman le fios freisin go bhfuil seachadadh teanga ó ghlúin go glúin sa bhaile riachtanach chun aistriú teanga a chur ina cheart trí dheiseanna a chur ar fáil i gcomhthéacsanna teaghlaigh agus trí theagmháil leis an teanga trí roinnt réimsí. Maítear sa tsamhail sin freisin go mba cheart iarrachtaí a dhéanamh chun stádas a thabhairt don teanga i gcomhthéacsanna oifigiúla agus acmhainní agus tacaíocht leordhóthanach a fháil ionas gur féidir borradh teacht fúithi agus athrú. Leagtar amach samhail i Scála Grádaithe um Briseadh Idirghlúine de chuid Fishman (2001) le haghaidh athneartú teanga rathúil:

| Scála Grádaithe Um Briseadh Idirghlúine | |
|---|---|
| **1.** | Ard-oideachas, réimse na hoibre, na hollmheáin chumarsáide, ardréimsí rialtais ag an leibhéal náisiúnta |
| **2.** | Na hollmheáin chumarsáide/na seirbhísí rialtais áitiúla nó réigiúnacha |
| **3.** | Réimse áitiúil/réigiúnach oibre (X-*ish* agus Y-*ish* i gceist) |
| **4a.** | Scoileanna poiblí do pháistí X-*ish*, roinnt teagaisc trí X-*ish*, ach faoi smacht ag Y-*ish* ó thaobh foirne agus curaclaim de. |
| **4b.** | Scoileanna faoi smacht X-*ish* ó thaobh foirne agus curaclaim de |
| **5.** | Scoileanna (ranganna), sa bhreis ar oideachas éigeantach, do gach uile aoisghrúpa, chun litearthacht a bhaint amach. |
| **6.** | Seachadadh na teanga ó ghlúin go glúin i réimse an teaghlaigh agus na comharsanachta. |
| **7.** | Cumarsáid in X-*ish* i measc na glúine is sine. |
| **8.** | Athchruthú X-*ish* agus sealbhú X-ish mar dhara teanga ag daoine fásta. |

Cuimsítear leis na moltaí a tugadh mar thoradh ar an tsamhail theoiriciúil seo, ciorcail chainte, feachtais teanga pobail, samhlacha oideachais agus idirghabhálacha ina dtugtar tús áite do nascacht phobail agus chultúrtha (Hodge agus Nandy, 2011). Athluaitear na héachtaí gníomhaíochais agus rannpháirtíochta arna stiúradh ag an phobal ina leithéid de mholtaí agus de chleachtais a eascraíonn as an teoiric seo, éachtaí a bhfuil dlús á chur leo le roinnt mhaith blianta anuas i bpobal na Gaeilge i mBéal Feirste agus ar fud na hÉireann. Ach, cuimsítear le réimse na rannpháirtíochta pobail tacaíocht teanga don teaghlach agus sa bhaile agus úsáid na teanga, agus tá Piller agus Gerber (2018) ar aon intinn lena chéile go gcaithfidh méadú teacht ar an tacaíocht chéanna dá mba mhaith le tuismitheoirí go mbeadh inniúlachtaí ag a bpáistí i níos mó ná teanga amháin seachas Béarla.

Anois, pléifear soláthar reatha na seirbhísí teanga do theaghlaigh i limistéar pleanála teanga Bhéal Feirste Thiar.

## Soláthar Reatha na Seirbhísí Teanga do na Luathbhlianta agus do Theaghlaigh i gComhthéacs na Gaeilge i mBéal Feirste Thiar

Sula ndéanfar scrúdú ar sholáthar na seirbhísí teanga do teaghlaigh, is fiú i dtosach aitheantas a thabhairt do roinnt beartas a bhaineann leis na seirbhísí seo ar fud Thuaisceart Éireann. Rialaíonn réimse beartas agus creatlach na seirbhísí luathbhlianta ó thuaidh agus tá na beartais agus na creatlach sin deartha chun tacú le forbairt agus le hoideachas na bpáistí agus na bpáistí óga. Tá sé d'aidhm ag na beartais seo a chinntiú go bhfuil ardchaighdeáin chúraim agus oideachais ann, go gcuirtear cothromas agus ionchuimsitheacht chun cinn agus go dtacaítear le tuismitheoirí agus le teaghlaigh. An beartas is déanaí a forbraíodh ag leibhéal reachtúil ná 'Straitéis Páistí agus Daoine Óga 2020 2023', agus tá sé d'aidhm ag an straitéis sin feabhas a chur ar fholláine na bpáistí agus na ndaoine óga trí dhíriú ar shláinte, ar oideachas, ar shábháilteacht agus ar fholláine eacnamaíochta. Cuimsítear leis cuspóirí agus gníomhartha ar leith le haghaidh seirbhísí luathbhlianta. Go sonrach, dírítear i Straitéis Luathbhlianta na Roinne Oideachais (0 6) ar fheabhas a chur ar thorthaí do pháistí óga, go háirithe do na páistí as cúlraí faoi mhíbhuntáiste. Leagtar béim ann ar luathoideachas agus ar chúram ardchaighdeáin, ar fhorbairt an luchta saothair agus ar thacaíocht do thuismitheoirí agus do theaghlaigh. Caitear solas sa dá straitéis ar chúinsí déimeagrafacha suntasach sa phobal Gaeilge, agus tá gealltanais iontu dálaí níos fearr a chur ar fáil do na páistí as cúlraí faoi mhíbhuntáiste, ina gcónaíonn formhór an phobail Gaeilge i mBéal Feirste Thiar (Mac Giolla Chríost, 2000). Bunaíonn sonraí na mBeartas Díthe Ilchineálaí 2021 é seo a thuilleadh ina gcuirtear in iúl go bhfuil an líon is airde cónaitheoirí (76%) i mBéal Feirste Thiar ina gcónaí sa 'Limistéar Aschuir is díothaí i dTuaisceart Éireann'. Chomh maith leis sin, déantar iarracht i gclár amhail Sure Start agus na cláir Oideachais Réamhscoile agus tionscnaimh thacaíochta tríd an Chiste Pathway chun rochtain agus comhdheis a chinntiú do theaghlaigh atá ag iarraidh leas a bhaint as seirbhísí luathbhlianta. Cé go ndéantar deighilt idir na déimeagrafaic ar leith seo sna beartais seo, lena n áirítear páistí ag a bhfuil riachtanais foghlama breise, páistí nuathagtha, páiste ó chúlraí socheacnamaíocha níos ísle, níl oideachas Gaeilge luathbhlianta acu, ná na soláthairtí teanga ar leith a theastaíonn chun freastal ar riachtanais an dátheangachais agus an tumtha i gcomhthéacsanna luathbhlianta go háirithe i gcás páistí atá á dtógáil go dátheangach.





Forbraíodh seirbhísí luathbhlianta, seirbhísí agus eagraíochtaí teanga do theaghlaigh go suntasach le deich mbliana anuas nó tuilleadh agus iarracht á déanamh acu freastal ar éileamh agus ar riachtanais na ndaoine a úsáideann na seirbhísí sin laistigh de phobal Gaeilge i mBéal Feirste Thiar[4]. Is féidir an fhorbairt seo a nascadh go dlúth le cleachtas cosúil leis arna chur i bhfeidhm ag scoileanna Gaeilge ó cuireadh tús leis an earnáil; ina raibh éileamh ar thacaíocht foghlama bhreise agus, mar shampla, bhí cúnamh le hobair bhaile ag teastáil, chuir scoileanna tús le tionscnaimh thacaíochta amhail clubanna obair baile, seisiúin bhreise i gclubanna luathbhlianta agus clubanna óige chun freastal ar riachtanais a scoláirí agus a dtuismitheoirí.

Agus méadú tagtha ar líon na bpáistí a chláraigh do scoil a luadh thuas in oideachas Gaeilge mar aon leis an mhéadú a tháinig ar líon na dteaghlach a rinne cinneadh a bpáistí a thógáil trí Ghaeilge, lean tionscnaimh phobail agus oideachais an nós seo agus forbraíodh leibhéil éagsúla de sholáthar seirbhísí ó sheirbhísí cúraim lae go dtí gníomhaíochtaí tumtha teanga lena chinntiú go mbeidh deiseanna ann do thumadh luath teanga agus d'úsáid shóisialta na Gaeilge do chónaitheoirí áitiúla. Faoi láthair, tá trí sheirbhísí cúraim lae ann laistigh de limistéar pleanála teanga Bhéal Feirste chomh maith le roinnt eagraíochtaí agus tionscadail phobail a chuireann seirbhísí teanga do theaghlaigh ar fáil trí fhéilte agus trí imeachtaí a eagraítear mar chuid dá gcláir phobail agus for-rochtana. Cuireann comhlachtaí reachtúla agus eagraíochtaí tacaíochta réigiúnacha amhail Glór na nGael agus Altram comhairliúchán, tacaíocht, oiliúint agus acmhainní ar fáil d'eagraíochtaí pobail, do theaghlaigh agus do scoileanna agus iad ag déanamh iarracht seirbhísí luathbhlianta tumtha Gaeilge a chur ar fáil. Chun éascaíocht a dhéanamh ar straitéis chomhtháite agus chomhoibríoch a bhaineann le seirbhísí teanga tumtha do theaghlaigh a chur ar fáil, cheap Fís an Phobail an chéad oifigeach Gaeilge do theaghlaigh, atá sa phost ó 2023, chun cláir agus imeachtaí teanga a chomhordú agus a éascú mar chuid de na haidhmeanna straitéiseacha iomlána i bplean teanga Bhéal Feirste.

In ainneoin na ndeacrachtaí a bhaineann le creatlacha luathbhlianta beartais Gaeilge agus leis an dóigh nach ann do Straitéis Ghaeilge, rinne pobal na Gaeilge forbairtí suntasacha chun seirbhísí a chur ar fáil, gan mórán tacaíochta reachtúla. Mar chuid den taighde seo, tá sé riachtanach scrúdú a dhéanamh ar shamplaí breise comhthéacsúla de sholáthairtí teaghlaigh, chun solas a chaitheamh ar thuilleadh deiseanna le haghaidh forbairtí, comhoibriú agus chur i bhfeidhm an dea-chleachtais. Déanfar plé sa chéad chuid eile ar sholáthar teanga do theaghlaigh sa Bhreatain Bheag tar éis casadh le heagraíochtaí ionadaíocha éagsúla de Mudiad Meithrin i gCaerdydd, sa Bhreatain Bheag i mí Márta 2024.

[4] Reáchtáil eagraíochtaí pobail amhail Ionad Uibh Eachach na hiarrachtaí ceannródaíocha seo. Níos déanaí, d'fhorbair grúpaí pobail eile agus soláthraithe príobháideacha amhail Ionad na Fuiseoga agus Teach Mamó seirbhísí luathbhlianta Gaeilge chun freastal ar an éileamh atá ag méadú.

## Cás-Staidéar i gCaerdydd, sa Bhreatain Bheag (Márta 2024) – Samplaí de Dhea Chleachtas a Roinnt

I mí Márta 2024, chomhoibrigh cohórt d'oifigigh pobail agus luathbhlianta Gaeilge darb ainm 'Ag Tógáil Clainne le Gaeilge' a dhéanann ionadaíocht ar eagraíochtaí éagsúla, chomhoibrigh siad le Fís an Phobail ar chás-staidéar arna mhaoiniú ag an Roinn Pobal chun cuairt a thabhairt ar an Bhreatain Bheag chun fiosrú a dhéanamh ar sholáthar na seirbhísí Tumtha Luathbhlianta agus Teaghlaigh i gcomhthéacs na Breataine Bige (WM). Fuarthas léargas thar a bheith luachmhar sa turas seo ar na hionchuir bheartais, reachtúla agus eagraíochtúla éagsúla a bhí ina gcabhair chun go leor deiseanna a fhorbairt, a chothú agus a chur ar fáil do theaghlaigh atá ag tógáil a gclann trí Bhreatnais a úsáideann an teanga go sóisialta agus go neamhfhoirmeálta. Tá go leor gnéithe ag baint leis na hiarrachtaí chun seirbhísí Breatnaise a chur chun cinn, lena gcuimsítear tionscnaimh, beartais agus eagraíochtaí. Tá sé d'aidhm sna hiarrachtaí seo úsáid na Breatnaise a mhéadú ó luath-óige, ach aghaidh a thabhairt ar rannpháirtíocht sa phobal agus an tsuim atá ag méadú in oideachas Breatnaise. Tá Mudiad Meithrin lárnach sna hiarrachtaí seo, is brateagraíocht í seo a chuireann saineolas ar fáil in oideachas teanga do na luathbhlianta agus do theaghlaigh. Tá sé d'aidhm ina dtionscnamh darb ainm 'Cymraeg for Kids', tuismitheoirí nach as an Bhreatain Bheag iad, go háirithe i nDeisceart Thoir na Breataine Bige, áit nach n-úsáidtear Bhreatnais chomh fairsing céanna. Díríonn siad ar fheasacht a mhéadú, ar dhátheangachas a chur chun cinn ó naíonacht, agus gníomhaíochtaí a chur ar fáil amhail lámhchuimilt do leanaí, ióga agus am le haghaidh rímeanna.



Tá borradh tagtha faoi fhorbairt beartas reachtúil straitéiseach mar thoradh ar chur i bhfeidhm straitéis Bhreatnaise an rialtais, Cymraeg 2050, ina bhfuil an phríomhaidhm chun 1 mhilliún cainteoir Breatnaise a bhaint amach faoi 2050. Cuimsítear leis sin úsáid laethúil na Breatnaise a mhéadú, go háirithe i measc páistí, trí chleachtais Bhreatnaise a fhí isteach i seirbhísí sláinte, amhail bileoga eolais a chur san áireamh le pacáistí réamhbhreithe agus scaoileadh amach do thuismitheoirí nua. San áireamh le tionscnamh reachtúil eile Clár ARFOR, ina ndírítear ar fhorbairt eacnamaíoch chun cainteoirí Breatnaise a mhealladh ar ais chuig croíthailte traidisiúnta, ina bhfuil laghdú tagtha ar líon na gcainteoirí Breatnaise ach an oiread le líon na nGaeilgeoirí sa Ghaeltacht. Déantar iarracht ann tacú le tionscnaimh atá bunaithe ar phobal agus le bunú na scoileanna WM i gceantair uirbeacha agus iad a chur chun cinn, ceantair ina bhfuil méadú tapa ag teacht ar an tsuim a chuirtear in oideachas tumtha.  Chomh maith leis sin, tá sé d'aidhm ag an *Acht Well-being of Future Generations (Wales) Act 2015* a chinntiú gur teanga bhríomhar í Bhreatnais de bharr gur gné lárnach í sin de chultúr beoga agus ceannasach. Cuireann an reachtaíocht seo taca faoi straitéisí náisiúnta chun an Bhreatnais a chur chun cinn ar fud gach earnáil den tsochaí. Lena chois sin, tabharfar aghaidh i bhforbairt an Bhille Oideachais Breatnaise atá le teacht ar oideachas teanga ar fud gach céim den saol, agus béim ar leith á leagan ar oideachas tumtha agus tá sé mar aidhm aige freisin aghaidh a thabhairt ar bhearnaí maidir le soláthar don lucht fágála scoile.

Fuair na cláir Bhreatnaise tacaíocht mhór reachtúil agus seirbhísí teanga do theaghlaigh, agus mar thoradh ar an mhéid sin, tá forbairtí suntasacha déanta san obair agus sna seirbhísí atá á ndéanamh ag leibhéal na talún go háirithe maidir le heispéiris tumtha do theaghlaigh. San áireamh le ceann de na tionscnaimh sin, tá Cymraeg i Blant, a reáchtálann grúpaí do thuismitheoirí agus do pháistí, agus é mar aidhm acu a n-úsáid laethúil as Breatnais a dhúbailt. Socraíonn siad spriocanna bliantúla chun páirt a thabhairt do os cionn 21,000 tuismitheoir trí éascaíocht a dhéanamh ar 2,800 grúpsheisiún lena gcuimsítear cur chun cinn na teanga i gcleachtais sláinte teaghlaigh agus i seirbhísí údaráis áitiúil. Bhunaigh Mudiad Meithrin a gclár darb ainm 'Set Up and Succeed Programme' ina leagtar amach spriocanna do bhunú an 'Cylch Meithrin' nua (Grúpaí Súgartha Breatnaise). Faoi dheireadh na bliana 2021, bunaíodh 43 grúpa nua agus staitisticí acu ina léirítear an áit ina mbunaítear grúpa súgartha laistigh de limistéar scoile WM, agus táthar ag súil le ráta aistrithe de 90% go dtí bunscoileanna WM.

Ó thaobh oiliúint luchta saothair agus forbairt ghairmiúil, bunaíodh cláir oiliúna uileghabhálacha do chleachtóirí agus d'éascaitheoirí luathbhlianta i gcomhthéacsanna WM agus thug rialtas na Breataine tacaíocht dóibh i bhfoirm mhaoinithe, lena n-áirítear córais amhail ardáin áirithinte ar líne a dhearadh agus seisiúin bheaga chun naisc a chothú le tuismitheoirí. Is é an comhlacht breithnithe Estyn a dhéanann iniúchadh ar; agus a chinntíonn dea-chleachtas agus seachadadh seirbhíse, comhlacht a chuireann na tuarascálacha téamacha agus na huirlisí forbartha patrún teanga i dtoll a chéile chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do pháirtithe leasmhara Luathbhlianta WM. Forbraíodh Cláir Bhreise amhail Coresi'r Bront agus Cynllun Trochi Iaith, a chuireann aonaid féinstaidéir ar fáil le haghaidh tumadh teanga agus chun tacú le grúpaí súgartha Béarla (EM) atá ag aistriú chuig soláthar WM, a chuireann acmhainní ar fáil do na baill foirne agus a chuireann úsáid na Breatnaise chun cinn i ngníomhaíochtaí laethúla amhail am lóin agus níochán lámh.

In ainneoin an dul chun cinn mór a rinne na grúpaí pobail agus oideachais mar aon le tacaíocht leanúnach an stáit, bhí dúshláin shuntasacha roimh sholáthar seirbhíse WM ar féidir iad a fheiceáil i gcomhthéacs na Gaeilge freisin, mar a mhíneofar ar fud an chuid eile den taighde. Bhí dúshláin ann maidir le soláthar foirne agus earcaíocht mar le hiarrthóirí ag a bhfuil inniúlacht sna scileanna teanga cuí do chleachtóirí teanga teaghlaigh. In ainneoin an mhéadaithe atá tagtha ar rannpháirtíocht na dtuismitheoirí i gcláir theaghlaigh agus in ainneoin an bhorrtha ghinearálta atá tagtha faoin spéis in oideachas Breatnaise,

teastaíonn feabhsú maidir le bailiú sonraí agus rannpháirtíocht aiseolais. Bunaíodh tionscnaimh amhail Cymraeg yn y Cartref ó tharla gurb iondúil go dtagann laghdú ar an daonra WM maidir leis na daoine a labhraíonn an teanga tar éis aois na scoile (20-44).

Is follas go bhfuil cur chuige ilsrathach ag teastáil chun na seirbhísí teanga Breatnaise do theaghlaigh a chur chun cinn, lena gcuimsítear straitéisí rialtais, rannpháirtíocht sa phobal agus cláir oideachais nuálaíoch. Níl aon dabht ach go bhfuil an comhoibriú spreagúil idir na heagraíochtaí éagsúla, a bhfuil tacaíocht faighte acu ó reachtaíocht dhaingean agus ó thionscnaimh dhírithe agus ba cheart don chomhoibriú céanna oibriú mar chreat dea-chleachtais le haghaidh seirbhísí agus oideachas teaghlaigh a fhorbairt i gcomhthéacsanna teanga dúchasaí eile amhail i dtuaisceart na hÉireann.

Sa chéad chuid eile, déanfar plé ar na ceisteanna modheolaíochta agus taighde a cuireadh i bhfeidhm chun an chuid den staidéar seo a bhaineann le bailiú sonraí a chur i gcrích.

## Modheolaíocht

Baintear úsáid as cur chuige modheolaíochta measctha sa taighde seo, is cur chuige rannpháirteach é seo trí chúrsaíocht suirbhéanna dátheangacha agus trí phlé i bhfócasghrúpaí atá leath-struchtúrtha chun páirt ghníomhach a thabhairt do ghuthanna na bpáirtithe leasmhara agus na dtuismitheoirí ábhartha atá ag déanamh cinneadh a bpáistí a thógáil trí Ghaeilge agus a bhaineann úsáid as na seirbhísí luathbhlianta agus teaghlaigh agus atá bainteach leis na seirbhísí céanna laistigh de limistéar Bhéal Feirste Thiar. Is cur chuige taighde córasach, straitéiseach agus comhoibríoch é Taighde Gníomhaíochta Rannpháirtíochta lena gcuimsítear daoine a bhfuil tionchar ag deacracht orthu agus iad ag déanamh iniúchadh ar an deacracht chéanna (Baum, MacDougal agus Smith, 2006).

Tar éis dul i gcomhairle le comhordaitheoir pleanála teanga agus le hoifigeach tacaíochta do theaghlaigh Fhís an Phobail, agus tar éis an deis a fháil chun freastal ar an turas oibre allamuigh chuig an Bhreatain Bheag, dréachtaíodh na ceisteanna taighde seo a leanas agus comhaontaíodh orthu chun bunús an tsuirbhé agus ceistiúchán an fhócasghrúpa a chruthú don taighde seo:

1. Déan plé ar na cláir agus ar na seirbhísí a eagraíonn tú/a bhfreastalaíonn tú orthu ina gcruthaítear deiseanna do theaghlaigh a bheith rannpháirteach le Gaeilge.
2. Cé na buntáistí a bhaineann le seirbhísí Gaeilge do na luathbhlianta agus do theaghlaigh atá (ag) iarraidh go dtógfaí a bpáistí trí Ghaeilge?
3. Cad é na cleachtais/modhanna/acmhainní atá ar fáil do thuismitheoirí atá ag iarraidh Gaeilge a chur chun cinn sa bhaile?
4. Cé na dúshláin a bhaineann le soláthar seirbhíse teanga reatha do theaghlaigh?

Chun sonraí a fháil ón oiread tuismitheoirí agus is féidir agus gan bheith in ann gach úsáideoir seirbhíse a chur san áireamh i bplé fócasghrúpa, scaipeadh suirbhé dátheangach, ceann i nGaeilge do theaghlaigh atá ag tógáil a gclainne trí Ghaeilge agus leagan Béarla do theaghlaigh le tuismitheoirí a bhfuil a bpáistí

ag freastal ar sheirbhísí teaghlaigh agus teanga ionas go bhfoghlaimeoidh a bpáistí Gaeilge. Cuireadh ceisteanna suirbhé i dtoll a chéile ar Google Forms ach úsáid a bhaint as réimse de cheisteanna ilrogha, scálaí Likery agus roghanna bosca tráchta freagartha ina ndearnadh scrúdú ar sheirbhísí agus ar acmhainní Gaeilge do theaghlaigh i limistéar Bhéal Feirste Thiar. Bhí sonraí an tsuirbhé anaithnid i gcónaí gan aon ainm ná seoladh baile iomlán a bailíodh agus bhí rannphháirtíocht sa suirbhé roghnach.

Chun cur le sonraí an tsuirbhé, bailíodh iomlán de 5 thacar sonraí bhreise le linn na tréimhse bailithe sonraí sa staidéar taighde seo lena gcuimsítear agallaimh leath-struchtúrtha agus plé fócasghrúpa le baill foirne na ngrúpaí pobail Gaeilge, bainisteoirí cúraim lae Gaeilge, tuismitheoirí, ionadaithe ó eagraíochtaí reachtúla agus comhairleacha agus eagraíocht aistrithe teanga náisiúnta do theaghlaigh atá ag feidhmiú i bpobail Ghaeltachta i dTuaisceart Éireann. Tras-scríobhadh gach tacar sonraí sular tugadh faoi phróiseáil théamach de láimh, rud a leagfar amach sa chuid thíos. Bhí rannphháirtíocht sa phlé fócasghrúpa deonach agus gealladh neamhainmníocht do na rannphháirtithe ar fad sa tuarascáil deiridh den taighde. Tá tábla achomair thíos de rannphháirtithe an fhócasghrúpa de réir mar a ndéanfar tagairt dóibh sa phíosa plé, ansin:

| Participant/Representative Organisation | Number of Participants | Participant Discussion Code |
|---|---|---|
| Coiste ag Tógáil Clainne le Gaeilge (Oifigigh agus Bainisteoirí)<br>*Ag Tógáil Clainne le Gaeilge Committee (Officers and Managers)* | 6 | ATCG |
| Bainisteoir Curam Lae (Earnáil Príobhaideach)<br>*Irish language daycare manager* | 1 | CL |
| Tuismitheoirí<br>*Parents* | 3 | T |
| Eagraíocht Abhcóideachta<br>*Advocacy Organisation* | 2 | EA |
| Eagraíocht Seirbhísí Ó Dheas<br>*Service Organisation in the South of Ireland* | 1 | SOD |


Anois, déanfaidh mé ar na sonraí a bailíodh sa dá shuirbhé agus sna grúpaí fócais sula gcuirfidh mé torthaí an taighde i láthair agus sula gcuirfidh mé deireadh leo agus ansin, tabharfaidh mé moltaí le haghaidh tuilleadh forbartha agus feabhsaithe cleachtais i gcomhair seirbhísí teanga do theaghlaigh i Limistéar Líonra Pleanála Teanga Gaeilge Bhéal Feirste Thiar.

# Plé ar Thorthaí

**i) Suirbhé**

B'ionann méid an tsampla de rannpháirtíocht iomlán sna suirbhéanna dátheangacha don taighde seo agus 66 (N=66) agus chomhlánaigh 27 freagróir an leagan Béarla agus chomhlánaigh 39 freagróir an leagan Gaeilge den suirbhé. De bharr go raibh rannpháirtíocht neamhainmnithe, bailíodh cóid phoist na bhfreagróirí chun idirdhealú a dhéanamh idir na freagróirí a bhí ag freastal ar sheirbhísí teanga do theaghlaigh atá ina gcónaí laistigh de Limistéar Pleanála Teanga Bhéal Feirste Thiar (BT11, BT12, BT17) agus na freagróirí a bhíonn ag taisteal seans chun úsáid a bhaint as na seirbhísí do luathbhlianta agus do theaghlaigh a chuirtear ar fáil laistigh de limistéar Bhéal Feirste Thiar. Léiríodh i sonraí an tsuirbhé go gcónaíonn 38% de na freagróirí a chomhlánaigh an leagan Béarla sa limistéar pleanáil teanga ach bhí roinnt mhaith de na freagróirí (58%) a chomhlánaigh an leagan Gaeilge den suirbhé ina gcónaí laistigh de limistéar pleanála teanga Béal Feirste Thiar. Tugann sé seo le fios, cé nach bhfuil ach 50% de na freagróirí ina gcónaí, laistigh den limistéar pleanála teanga Gaeilge reatha de Bhéal Feirste Thiar, d'fhéadfadh freagraí sa suirbhé a thabhairt le fios go bhfuil tuismitheoirí toilteanach taisteal chuig Béal Feirste Thiar chun úsáid a bhaint as seirbhísí nó atá ag cur eolas ar fáil maidir leis na seirbhísí Gaeilge do theaghlaigh atá ar fáil ina gceantair féin. Bhí réimse cóid phoist ann ó BT5 (Béal Feirste Thoir) go dtí BT79 (An Ómaigh, Contae Thír Eoghain).

D'fhreastail gach freagróir sa suirbhé (ar) sheirbhísí Gaeilge do luathbhlianta agus do theaghlaigh ar bhealach éigin agus chuir siad léargas ar fáil ar réimse leathan imeachtaí agus seirbhísí sa bhosca tráchta atá ar fáil. Seo thíos achoimre ar na cineálacha seirbhísí ar fhreastail siad orthu in éineacht lena dteaghlaigh:




Chuir an chuid seo a leanas den suirbhé Scála Likert 5 phointe chun measúnú a dhéanamh ar shásamh na dtuismitheoirí maidir leis na seirbhísí teaghlaigh agus Gaeilge atá ar fáil ina limistéir thart orthu ó 1 (an-mhíshásta) go dtí 5 (an-sásta). Ar fud na leaganacha Gaeilge agus Béarla de na suirbhéanna, thug 53% de na freagróirí 3 mar scór do na seirbhísí reatha nó níos lú maidir leis an sásamh a bhain siad astu. Cé gur mhol siad na seirbhísí Gaeilge ar fhreastail siad orthu, léiríodh míshástacht na bhfreagróirí i neamhréireacht na gclár seirbhísí agus in infhaighteacht na gclár trí Ghaeilge i gcomparáid lena bhfuil



ar fáil ina gceantar áitiúil i mBéarla. Cuireadh bosca tráchta leis thíos faoin scála seo chun tuismitheoirí a spreagadh le plé a dhéanamh ar a bhfreagraí. Léiríodh in go leor nótaí tráchta go bhfuarthas tacaíocht agus aiseolas dearfach maidir leis na seirbhísí ar fhreastail na teaghlaigh orthu trí Ghaeilge nó maidir le cur chun cinn na Gaeilge, agus dúradh go raibh caighdeán na mball foirne agus na n-imeachtaí a eagraíodh ar ardchaighdeán agus gur chuir na tuismitheoirí buíochas in iúl as bheith in ann rochtain a fháil ar sheirbhísí Gaeilge ina gceantair áitiúla. Moladh imeachtaí a eagraíodh i gcomhar le Laochra Loch Lao CLG go hard na spéire as a n-iarrachtaí chun deiseanna a chruthú do theaghlaigh páirt a ghlacadh sa Ghaeilge. Is fiú a lua freisin go ndúirt na tuismitheoirí freisin gur cuireadh folláine dhearfach mheabhairshláinte chun cinn sna himeachtaí teaghlaigh, go háirithe ag an chéim iarbhreithe, agus gur cuireadh deiseanna ar fáil iontu casadh le máithreacha nua agus le máithreacha a bhí ag súil le páistí.

Ach, cuireadh moltaí ar fáil i gcuid den aiseolas agus rinneadh tagairt ann do laigí sna seirbhísí Gaeilge i réimsí ar leith agus luaigh go leor freagróirí gurb amhlaidh go bhfuil ganntanas seirbhísí Gaeilge ann do theaghlaigh ar fáil lasmuigh de cheantar Bhéal Feirste, rud a léiríonn míshástacht na bhfreagróirí maidir leis an soláthar seirbhíse reatha, mar atá thuasluaite. Mhaígh na tuismitheoirí freisin go raibh fógraíocht míshoiléir in amanna agus go bhfuil gá le hidirdhealú a dhéanamh idir imeachtaí atá ann d'fhoghlaimeoirí na teanga agus imeachtaí atá dírithe ar na daoine atá ag iarraidh a gclanna a thógáil trí Ghaeilge amháin. Rinneadh ráitis freisin maidir leis an dóigh gurb iondúil nach dtarlaíonn imeachtaí teaghlaigh go minic agus sách leanúnach chun príomhdheiseanna a chur ar fáil le haghaidh sealbhú teanga do pháistí atá in aois scoile. Rinne na tuismitheoirí tagairt freisin do na dúshláin atá roimh an earnáil maidir le laghduithe ar an bhuiséad, le deacrachtaí earcaíochta agus arís rinneadh tagairt don teorainn atá leis a roghanna, agus dúradh go raibh seirbhísí Béarla i bhfad níos fairsinge don aoisraon 0–3.

Rinneadh plé sa chéad chuid eile den suirbhé ar chleachtais agus ar acmhainní a úsáidtear sa bhaile chun labhairt na Gaeilge a chur chun cinn agus a spreagadh i measc páistí. Thug na freagróirí chun solais go n-úsáidtear réimse modhanna sa bhaile, agus luaigh os cionn leath na dtuismitheoirí sa dá shuirbhé

go n-úsáideann siad an focal labhartha, frásaí a múineadh dóibh agus stór focal, agus úsáideann freagróirí eile meáin phrionta agus amhairc chomh maith le himirt thumtha. Chuir na tuismitheoirí samplaí ar fáil de na modhanna éagsúla seo; rinne roinnt tuismitheoirí tagairt d'áiseanna foghlama agus d'acmhainní a chuir an pobal áitiúil agus eagraíochtaí Gaeilge luathbhlianta ar fáil, rudaí a chabhraigh leo príomhfhrásaí a fhí isteach i ngnáthchúrsaí lae a bpáistí. Luaigh go leor tuismitheoirí go n-úsáideann siad leabhair, amhráin, cláir theilifíse Ghaeilge éagsúla, mar shampla, Cúla 4 mar theagmháil bhreise le Gaeilge dá bpáistí. Rud suntasach a luadh sa suirbhé is ea, gur luaigh roinnt tuismitheoirí nach raibh líofa sa teanga go raibh sé de nós acu rudaí a lipéadú timpeall an tí i nGaeilge chun iad a spreagadh le húsáid a bhaint as an fhocal Gaeilge agus iad i mbun comhrá agus spreag siad a bpáistí a bhí ag freastal ar oideachas Gaeilge chun a oiread Gaeilge a labhairt agus a d'fhéadfaidís. Labhair na tuismitheoirí a bhí ag tógáil a gclainne trí Ghaeilge ar an tábhacht atá leis an chéad teagmháil lena bpáistí a bheith i nGaeilge agus labhair siad ar na dúshláin a bhaineann le timpeallacht Ghaeilge a choinneáil, go háirithe ag comhrá le baill dá dteaghlach sínte nach labhraíonn an teanga.

San áireamh leis an chuid deiridh den suirbhé bhí plé ar na dúshláin leanúnacha a bhíonn roimh thuismitheoirí agus iad ag déanamh measúnú ar sheirbhísí Gaeilge do theaghlaigh agus d'iarr siad moltaí chun é sin a dhéanamh agus a chur i bhfeidhm amach anseo. Cuimsíodh leis na dúshláin easpa seirbhísí a bhí ar fáil agus tuilleadh rudaí ar fáil trí Bhéarla do theaghlaigh chomh maith le heaspa seirbhísí ar fáil go háirithe i gceantair thuaithe do teaghlaigh atá ina gcónaí lasmuigh de Bhéal Feirste. Labhair go leor tuismitheoirí freisin nach raibh siad ar fáil chun freastal ar sheirbhísí a bhíonn ar siúl le linn uaireanta oibre, agus rinneadh moltaí go mbeadh tuilleadh imeachtaí ar siúl le linn an deiridh seachtaine. Rinne tuismitheoirí tagairt freisin don rochtain mhéadaithe ar sheirbhísí sláinte Gaeilge lena n áirítear measúnuithe altra ceantair agus ranganna réamhbhreithe agus iarbhreithe chun tuilleadh deiseanna a chruthú don chéad teagmháil teanga. San áireamh leis na moltaí freisin bhí forbairt spásanna sóisialta breise do teaghlaigh chun teacht le chéile agus chun aip a fhorbairt ar a mbeadh amhráin, ríméanna gus scéalta a mbeadh teaghlaigh in ann úsáid a bhaint astu le haghaidh forbairt teanga sa bhaile.

**ii) Plé Fócasghrúpaí**

Rinneadh plé fócasghrúpaí le hoifigigh phobail agus luathbhlianta, leis an bhainisteoir seirbhísí cúraim lae, leis na hionadaithe reachtúla agus abhcóideachta do sheirbhísí Gaeilge do luathbhlianta agus do teaghlaigh agus le cleachtóirí seirbhísí do teaghlaigh atá ag feidhmiú ó thuaidh. Roghnaíodh na rannpháirtithe bunaithe ar a dtaithí agus ar a stór eolais i réimse na Gaeilge do na luathbhlianta agus



i seirbhísí tumtha do theaghlaigh; bhí sé riachtanach freisin ionchur ó sheirbhísí a bhí ar siúl lasmuigh de limistéar pleanála teanga Gaeilge Bhéal Feirste Thiar chun iniúchadh a dhéanamh ar fhorbairt agus ar chomhoibriú féideartha. Agus plé an fhócasghrúpa tras-scríofa agus códaithe de láimh, d'eascair na ceithre théama a leanas as na sonraí:

- Caidrimh agus Maoirseacht Tuismitheoirí a Chothú
- Acmhainní agus Tacaíocht
- Oiliúint agus Forbairt Lucht Saothair
- Feasacht a Spreagadh

Déanfar plé ar thorthaí fócasghrúpa anois de réir na dtéamaí seo roimh an anailís agus sula gcuirfear na smaointe deiridh i láthair.

**Caidrimh agus Maoirseacht Tuismitheoirí a Chothú**

Rinneadh go leor plé ar an téama a bhaineann le caidrimh a chothú i measc teaghlach agus tuismitheoirí chomh maith leis an tábhacht le ról na dtuismitheoirí maidir le sealbhú teanga a chothú. Thug idir oifigigh seirbhísí teanga agus teaghlaigh agus tuismitheoirí léargas suntasach ó eispéiris le teaghlaigh a thabhairt le chéile agus spásanna tarraingteacha, tumthacha a chruthú inar féidir an teanga a fheiceáil scríofa agus inar féidir í a chloisteáil. Chaith oifigeach amháin solas ar an tábhacht le cleachtóirí teaghlaigh a bheith agat ag a bhfuil líofacht teanga chun éascaíocht a dhéanamh ar sheisiúin ionas gur féidir beartas teanga leanúnach a chur i bhfeidhm:

> “ **SOD:** *Tá sé tábhachtach go dtagann tuistí le chéile go horgánach, ach go mbíonn sé deacair aon pholasaí teanga a chur i bhfeidhm mar ní bhíonn aon cheannaireacht ag tuismitheoir amháin tharais a chéile, mar sin bíonn éascaitheoir i gceist le polasaí teanga a chur i bhfeidhm is fáilte a chur roimh thuistí agus iad a chur in aithne dá chéile.* ”

Chuir tuismitheoirí léargas luachmhar ar fáil ar a n-eispéiris le freastal ar sheirbhísí teanga do theaghlaigh agus do na luathbhlianta agus leis na bealaí ar fheabhsaigh na seirbhísí céanna cumas teanga a bpáistí agus ar chuir siad ar a gcumas caidrimh nua a chruthú le tuismitheoirí eile. Labhair tuismitheoir amháin ar an dóigh a raibh tionchar ag a n-eispéireas le linn phaindéim COVID19 ar a gcumas chun rochtain a fháil ar sheirbhísí Gaeilge do theaghlaigh mar thoradh ar bheartais scartha sóisialta.

> “ **T:** *Is é Suí is Scíth an t-imeacht is fearr a chuidigh go mór liomsa, tá an rud i ndáiríre de dhíth, go bhfuil muid ag plé le máithreacha eile agus go gcluineann na páistí muid ag plé agus go gcluineann siad an Ghaeilge, thart timpeall orainn.* ”

> “ **T:** *Sula mbíonn páistí agat, ní bhíonn a fhios agat really cad é atá de dhíth, ach ní thiocfadh liom a bheith gan na seirbhísí teaghlaigh, is cinnte nach mbeadh muid chomh rathúil is atá le cumas labhartha Gaeilge na bpáistí gan na seirbhísí agus gan an teanga a bheith chomh feiceálach thart orthu.* ”
> .

> “ **T:** *Eispéaras iomlán éagsúil a bhí agam ag tógáil an dara leanbh sa chlann, nuair a rugadh mo chéad mhac bhí covid ann agus ní raibh rud ar bith ar siúl. Bhí Suí is Scíth mar bhuaicphointe dom achan mhí, fiú just ó thaobh bualadh le teaghlaigh eile, bhí sin iontach tábhachtach domhsa go háirithe nuair nach as an cheantar seo mé.* ”

Chaith na rannpháirtithe solas freisin ar an tábhacht le ról na dtuismitheoirí chun 'tearmann teanga' a ghineadh agus a chothú ní hamháin lena bpáistí féin sa bhaile ach le teaghlaigh eile ina ndéantar an chéad teagmháil trí Ghaeilge lena chinntiú gur dócha go leanfar ar aghaidh leis na caidrimh agus leis na naisc seo trí mheán na Gaeilge.

> **SOD:** *Go háirithe leis an chéad pháiste...bíonn saghas deich mbliana ansin nuair a bhíonn tú dírithe don pháiste sin, so is mó a bhíonn siad ag lorg na hócáidí sin, so bíonn na treochtaí seo ann...tiocfaidh na tuismitheoirí sa cheantar sin le chéile, cuirfidh siad aithne ar a chéile trí Ghaeilge agus seo grúpa a bheas mar chuid mór de do shaol amach anseo, seo an dream a bheas le chéile go ceann 20 bliain eile agus má chuireann tusa an caidreamh sin ar bun trí Ghaeilge, seans maith go leanfar sin trí Ghaeilge.*

Déantar tagairt freisin don tábhacht le noirm theanga bhunúsacha a leagan amach agus do mhaoirseacht tuismitheoirí agus measúnú á dhéanamh ar sheirbhísí lasmuigh den timpeallacht bhaile, inar dócha go dtiocfaidh laghdú ar úsáid na Gaeilge. Labhair na rannpháirtithe ar thionchar na seirbhísí reachtúla agus oideachais ina dtugtar Béarla isteach i saol a bpáistí, rud a d'fhéadfadh tionchar a imirt orthu agus iad ag úsáid na Gaeilge le linn dóibh a bheith ag dul in aois:

> **SOD:** *tá an saghas 'ceannas' nó an smacht ag an tuismitheoir ar an teanga a chloiseann an páiste, a úsáideann an páiste, agus eile, de réir mar a thosaítear ag meascadh sa phobal, bíonn an ceannas sin ag laghdú mar nuair a théann an páiste amach sa phobal, caithfidh muid na rúin an tearmann teanga a chur ar bun ach níl an ceannas nó an smacht iomlán sin ag an tuismitheoir.*

> **T:** *Ní féidir linn an Béarla a sheachaint, tá muid ag snámh in éadán na dtonnta, agus tchítear domhsa, faoi chúig bliain d'aois tá fuinneog iontach beag agam mar mothaím cheana féin go bhfuil sé ag aithint an difear agus go bhfuil níos mó Béarla thart air...tá Gaeilge iomlán líofa ag mo mhac as a bheith ag freastal ar chúram leanaí, anois tá an Béarla ag teacht fríd níos mó go cinnte toisc nach bhfuil Gaeilge sa bhaile ag na páistí eile.*

Chaith na rannpháirtithe solas freisin ar an tábhacht le ról agus le maoirseacht na bpáistí chun eispéiris teanga thumtha a chruthú sa bhaile agus ar an tábhacht leis an dóigh a bhfeidhmíonn siad mar chonair go dtí tumadh Gaeilge dá bpáistí de bharr inbhuanaitheacht agus fhás phobal na Gaeilge. Labhair na rannpháirtithe ar an dóigh a ndéanann siad iarracht cláir, acmhainní agus timpeallachtaí sábháilte a chruthú chun tuismitheoirí a chumhachtú agus a spreagadh, beag beann ar a gcumas teanga agus ba cheart an cur chuige seo a spreagadh do thuismitheoirí chun a oiread Gaeilge atá acu a úsáid lena bpáistí ar bhonn rialta:

> **ATCG:** *An fhís a bhí againn ón tús ná go bhfuil na tuistí mar phríomhchuid den Oideachas. Ní thiocfadh leat seirbhísí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge gan na tuismitheoirí a bheith páirteach iontu, so má tá tú ag ceannach seirbhís cúram lae mar sin tá tú ag ceannach na seirbhíse iomlánaíche seo, tá tú mar chuid den phobal. Dar liomsa ó thaobh na feasachta teanga de, tá sé thar a bheith tábhachtach ranganna, acmhainní a shocrú, áiseanna, leabhair a dhearadh srl agus tá sin ar fad dírithe ar thuismitheoirí; sin an chéad chéim isteach, sin an doras foscailte dóibh b'fhéidir freastal ar ranganna nó ag baint úsáid as seirbhísí eile.*

> **ATCG:** *Tá muid ag iarraidh go dtógfaidh muid féinmhuinín na dtuismitheoirí - gan a bheith buartha a bheith líofa. Fiú má tá tú ag foghlaim, úsáid beagáinín Gaeilge. Níl aon choinníoll docht daingean ann a chiallaíonn go mbeidh nó nach mbeidh siad in ann Gaeilge a úsáid sa bhaile, agus sin an fáth a bhfuil na seirbhísí tacaíochta seo ríthábhachtach.*

> **ATCG:** *Sílim go raibh an dearcadh ag daoine 'teanga amháin - teanga tí' so muna raibh tú chomh muiníneach le teanga amháin a úsáid, níorbh fhiú, agus mothaím nár chuidigh sin. Caithfear tús áite a thabhairt don Ghaeilge go cinnte, agus na himeachtaí agus spraoi, amhránaíocht agus eile trí mheán na Gaeilge...ach tá muid ar fad in ann cód mheascadh a dhéanamh, so sílim go gcaithfidh muid a rá nach gá a bheith buartha faoi aistriú teanga.*

Chuir rannpháirtithe léargas ar fáil ar na dúshláin a bhaineann le timpeallacht teanga leanúnach agus thumtha de bharr an stóir focal theoranta atá dírithe ar theaghlaigh atá acu agus ar an dóigh a bhfuil gá leis na cláir nó na ranganna ar leith a fhorbairt chun frásaí socraithe teaghlaigh a mhúineadh chomh maith le stór focal dá gclanna.

> **T:** *Tá an stór focail atá agam, tá sé gann. Bheadh na himeachtaí de dhíth orm le cur leis an rud atá ar fáil sa teach, níl na hamhráin nó na ranntaí ar eolas agam...Níor tógadh le Gaeilge mé agus níor fhreastal mé ar Ghaelscoil, mar sin tá stór focail úr de dhíth ormsa. Cé go bhfuil Gaeilge agam, ní raibh mise ag plé le saol an pháiste ag an aois sin, mar sin tá mé ag foghlaim focail úra i rith an ama, agus sin an rud atá iontach faoi na leabhair, so bheadh tuilleadh a dhíth.*



**Acmhainní agus Tacaíocht**

Bhí an chuid is mó den phlé fócasghrúpa lárnaithe ar na hacmhainní agus ar na tacaíochtaí atá ar fáil do thuismitheoirí atá ag fanacht le húsáid na Gaeilge a mhéadú sa bhaile dá dtuismitheoirí. Rinne na rannpháirtithe a bhí ag obair i gcomhthéacs abhcóideachta tagairt ina bhfreagraí ar an tionchar a bhí ag COVID19 ar theaghlaigh agus chruthaigh siad acmhainní a chuirfeadh ar a gcumas leanúint de choinneáil a bpáistí rannpháirteach leis an teanga lasmuigh den eispéireas foirmeálta scoile. Thug sé seo an tábhacht le dul i gcomhairle le tuismitheoirí agus le measúnú a dhéanamh ar riachtanais chun solais a thuilleadh:

> “**EA:** *Bhí muidinne ag iarraidh cinntiú go raibh ar a laghad rud éigin buan acu sa bhaile, go raibh siad ag cloisteáil na Gaeilge gach lá, so thosaigh muidinne ag forbairt áiseanna do thuismitheoirí, ach bhí béim níos mó air agus bhí muid ag iarraidh cinntiú go raibh muid ag freastal ar riachtanais na dtuismitheoirí. Fuair muid aischothú ó na tuismitheoirí a rá ‘I thought I would never be able to read my child a story because they went to Irish school and I didn’t’ agus chum muid scéaltaí bunaithe ar an phaindéim ar nós ábhair cosúil le níl mé in ann mo chairde a fheiceáil, gníomhaíochtaí sa bhaile agus eile, agus ó shin, threoir sin muid san obair atá idir lámha.*”

Labhair cleachtóirí agus tuismitheoirí go leor ar na seirbhísí éagsúla a chuireann siad ar fáil agus labhair siad go dearfach ar a n-eispéiris trí fhreastal ar imeachtaí do theaghlaigh trí éascaíocht a dhéanamh ar na himeachtaí céanna. Rinneadh tagairt faoi leith do chlub CLG Gaeilge, Loch Lao CLG as deis a chur ar fáil le haghaidh forbairt stóir focal agus gluaiseachta, ach as spás sóisialta a chur ar fáil freisin ina bhfuil daoine óga ag déanamh comhrá lena chéile tríd an teanga mar a threoraíonn a gcóitseálaithe:

> “**ATCG:** *cumann spóirt ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge, ag barr an chumainn bheadh céatadán níos lú de pháistí le Gaeilge acu sa bhaile ach de réir mar a théann tú síos, éiríonn sin i bhfad níos airde agus is léiriú sin ar an dóigh a bhfuil an an athbheochan ag dul i bhfeidhm... Níos mó is níos mó tá muid ag feiceáil go bhfuil daoine ag roghnú an chumainn, ní hamháin mar gheall go bhfuil an cumann ag feidhmiú trí Ghaeilge ach go bhfuil níos mó teaghlaigh ag tógáil clainne agus ag úsáid Gaeilge sa bhaile.*”

Ní hamháin go ndearnadh na forbairtí dearfacha seirbhísí seo, ach rinneadh tagairt shuntasach maidir leis na tairbhí a bhaineann le hoifigeach teaghlaigh don earnáil sin amháin sa phost atá in ann naisc chomhtháite a chruthú idir eagraíochtaí sa limistéar pleanála teanga atá thart orthu, chun tacú leis an dualgas a chuirtear ar oifigigh Gaeilge a bhfuil sé d’oibleagáid orthu clár cuimsitheach imeachtaí a chruthú do gach ball den phobal chomh maith le bheith mar phointe teagmhála do theaghlaigh chun tacaíocht agus treoir a thairiscint maidir le seirbhísí Gaeilge do theaghlaigh:

> “**ATCG:** *‘Is buntáiste eile dúinn go bhfuil oifigeach teaghlaigh ag obair ar an achar oibre seo den chéad úr ariamh. Bíonn oifigigh forbartha agus oibrí pobail go mór gafa le réimse leathan oibre le clár a sholáthar ar bheagán airgid agus is iontach go bhfuil duine ann anois leis an choiste a tharraingt le chéile agus cuid den ualach oibre sin sa chlár a bhrú chun tosaigh agus fiú le teagmháil dhíreach a dhéanamh le tuismitheoirí.*”

Chuir na rannpháirtithe léargas ar fáil chomh maith maidir leis na deacrachtaí i soláthar seirbhísí agus acmhainní lenar cuimsíodh plé ar chineálacha éagsúla meán agus inrochtaineacht, uainiú agus minicíocht na seirbhísí. Mhol tuismitheoir amháin an áis léitheoireachta ag a leabharlann áitiúil ina bhfuil réimse

leabhar Gaeilge atá aois-oiriúnach, ach; luadh deacrachtaí maidir le líon an ábhair oiriúnaigh ó leabhair go cláir theilifíse atá oiriúnach do pháistí atá idir 0-3 bliana d'aois. Cheap siad gurbh iondúil go raibh struchtúir chasta teanga ag baint leis na cláir a bhí dírithe ar pháistí a bhí in aois na réamhscoile:

> **T:** *Cuid de na cláracha nach bhfuil fóirsteanach - tá easpa cláracha ar fáil don aoisghrúpa sin idir 0-3.*

> **T:** *Tá easpa leabhair ann faoi choinne an aoisghrúpa faoi 3 bhliain d'aois - ní miste liom na scéaltaí céanna a léamh leo ach muna bhfuil na scéaltaí níl ceachtar againn chun sult a bhaint as. Tá sé tábhachtach go bhfuil caighdeán maith ann don leanbh agus tuismitheoir.*

> **T:** *Maidir le Cbeebies, tá cláracha deasa ann cosúil le scéaltaí am dhul a luí agus ba bhreá liom dá mbeinn in ann sin a fháil i nGaeilge.*

Maidir le hinrochtaineacht na seirbhísí do theaghlaigh trí mheán na Gaeilge, thug tuismitheoirí agus cleachtóirí léargas ar uainiú agus ar mhinicíocht na n-imeachtaí agus ar an dóigh ar féidir leis tionchar a imirt ar chumas na dtuismitheoirí freastal ar sheisiúin. Moladh go bhféadfadh na seisiúin a bheith dírithe ar thuismitheoirí agus ar leanaí nó lapadáin le bheith ar siúl Dé Céadaoin le linn uaireanta oibre chun freastal ar mháithreacha atá ar saoire mháithreachais ag an am sin. In ainneoin seirbhísí a chur ar fáil chun freastal ar riachtanais na máithreacha nua, caitheadh solas ar dheacrachtaí a bhaineann leis na rannpháirtithe a choinneáil agus le tuismitheoirí a bhíonn ag an obair:







> **ATCG:** *Don chuid is mó san obair tuistí agus tachráin bíonn tú ag plé le máithreacha, ach i ndiaidh dóibh pilleadh ar obair i ndiaidh tréimhse máithreachais, cailleann tú iad, is ansin tá tú ag toiseacht arís.*

> **T:** *Mar thuismitheoirí, is breá linn leanúnachas. Bíonn an saol ar fad bunaithe ar schedule agus cuidíonn sé le routine a choinneáil...Maidin dé Sathairn nó maidin dé Domhnaigh, sin an t-am is luachmhara atá ann.*

> **T:** *Nuair a bhíonn imeachtaí ann, uair sa ráithe atá ann agus cailleann tú é agus i ndiaidh sin b'fhéidir nach bhfaighidh tú deis eile freastal ar imeacht go ceann 6 seachtain eile.*

> **T:** *Thaitin scéim samhraidh na dteaghlach go mór liom ach anois i mbliana go bhfuil mé ar ais ar obair, ní bheidh mé in ann freastal ar an tseachtain ina iomláine. Bheadh sé ar dóigh dá dtiocfadh le himeachtaí teaghlaigh a reáchtáil ar bhonn seachtainiúil in áit seachtain iomlán, go háirithe do na tuismitheoirí atá ag obair.*

Labhair tuismitheoirí freisin faoin ghanntanas seirbhísí a bhí ann dar leo maidir le seirbhísí agus imeachtaí Gaeilge a bhí dírithe ar theaghlaigh mar thoradh ar bheith ina gcónaí díreach lasmuigh de limistéar pleanála teanga Gaeilge Bhéal Feirste Thiar. Labhair siad ar a dheacra a bhí sé béim leanúnach a leagan ar rannpháirtíocht trí Ghaeilge sa bhaile gan na seirbhísí seo agus ar an dóigh a mbeadh siad toilteanach taisteal go Béal Feirste chun freastal ar a leithéid de sheirbhísí:

> **T:** *Tá fíorbheagán sna ceantair taobh amuigh de Bhéal Feirste ó thaobh imeachtaí de, tá rud amháin ann, tá dhá rud i lár na seachtaine, ceann acu atá maith ach tá sé dírithe ar dhaoine atá ag foghlaim, ach don té atá ag tógáil clainne le Gaeilge, níl sé ag freastal ormsa...tá neart ar siúil ag Sure Start agus eile ach níl mé in ann freastal orthu mar gheall ar chúrsaí oibre. Tá imeachtaí de dhíth ormsa ag deireadh na seachtaine atá measartha rialta, tá mise sásta tiomáint go Béal Feirste nó go hArd Mhacha nó go Muineachán fiú, tá na himeachtaí ar fad dírithe ar an tsaoire máithreachais.*

Rinneadh tagairt do Mhaoiniú agus d'infheistíocht sna Luathbhlianta agus i seirbhísí Gaeilge do theaghlaigh mar rudaí práinneacha ionas go mbeadh comhlachtaí reachtúla agus abhcóideachta in ann freastal ar an éileamh agus chun acmhainní a chur ar fáil do na seirbhísí riachtanacha sin. Labhair na hoifigigh ar an dóigh a bhfuil siad ag brath ar photaí maoinithe gearrthréimhseacha, beaga, dírialta chun clár seirbhísí a chur ar fáil lena gcuimsítear roinnt mhaith ama agus acmhainní maidir le riarachán na ndeontas maoinithe seo.

> **T:** *Tá muid ag brath ar photaí beaga maoinithe chun clár cuimsitheach agus éascaitheoirí a íoc. Ar a bharr sin, coinníonn muidinne na táillí a ghearrann muid ar na himeachtaí iontach íseal, cuid mhaith de na himeachtaí atá saor in aisce, bíonn sé deacair iarraidh ar thuismitheoirí £50-£60 a íoc as seirbhísí ar bharr na gcostaisí maireachtála agus a thagann le clann a thógáil.*

Rinneadh go leor tagairtí do na costais mhaireachtála atá ag méadú agus don bhrú atá ar theaghlaigh ar fud Thuaisceart Éireann go ginearálta chun íoc as seirbhísí teaghlaigh nach bhfuil dóthain tacaíochta reachtúla acu, gan trácht ar an easpa sruthanna maoinithe ar leith ná ar na beartais maidir le soláthar Gaeilge na seirbhísí do theaghlaigh atá bunaithe sa phobal ó mhaoinitheoirí reachtúla, lena n-áirítear Foras na Gaeilge. Ar an dóigh sin, tá tionchar aige seo ar chumas na dteaghlach rochtain a fháil ar phríomhsheirbhísí teanga a bheidh ina gcabhair cultúr de thumadh teanga a chothú i mblianta múnlaitheacha i saol na bpáistí:

“ **T:** *Ba cheart go mbeadh tuistí in ann teacht chugainn ag tús aistear agus leanúint leis an chlár sin ar feadh na mbliantaí, an t-eolas ar fad tugtha dóibh agus tacaíocht chuí tugtha dóibh. Níl na hacmhainní againn chun é sin a dhéanamh, bheifeá ag caint ar infheistíocht shuntasach chun sin a chur sa tsiúl.* ”

“ **CL:** *Bíonn muidinne i gcónaí a rá go gcaithfidh muid a bheith ar an chaighdeán is airde agus is féidir linn ach tá sé deacair mar níl an tacaíocht ann ón Rialtas do na tuismitheoirí chun tacú leo a bheith ag íoc as seirbhís ar ardchaighdeán...Níl infheistíocht ar bith curtha isteach sna luathbhlianta Gaeilge.* ”

**Oiliúint agus Forbairt Lucht Saothair**

Chuir na rannpháirtithe léargas go leor ar fáil ar na deacrachtaí a bhaineann le ceisteanna earcaíochta agus ganntanas oiliúna a bhaineann le soláthar seirbhísí do na luathbhlianta agus do theaghlaigh trí Ghaeilge. Labhair rannpháirtí amháin ar ‘ghéarchéim earcaíochta’ ag a bhfuil tionchar ar an earnáil mar thoradh ar easpa rannpháirtithe cáilithe ag a bhfuil na tacair scileanna le hoibriú i gcomhthéacsanna do luathbhlianta agus do theaghlaigh. Rinneadh plé ar dheacrachtaí a bhaineann le cúrsaí oiliúna atá ar fáil do chleachtóirí luathbhlianta, rud a chaith solas ar easpa fócais ar chleachtais tumtha do dhaoine faoi oiliúint atá ag obair i gcomhthéacsanna Gaeilge. É sin ráite, chruthaigh eagraíochtaí atá fréamhaithe sa phobal áitiúil, Altram[5] agus Gaelchúrsaí[6]na chéad chláir oiliúna le haghaidh na luathbhlianta a rinne difríocht mhór mhillteach agus a bhí lárnach maidir le forbairt na hearnála IM.

Thuairiscigh na rannpháirtithe freisin gur tháinig laghdú ollmhór ar fhostaithe ón earnáil sin mar thoradh ar phaindéim COVID19 agus go raibh sé dúshlánach líon na mball foirne a bhí ag obair sna háiteanna seo a thabhairt ar ais. Gné mhór ag a bhfuil tionchar ar a gcinneadh an earnáil teaghlaigh agus luathbhlianta a fhágáil ná mar thoradh ar na tuarastail ísle a íoctar do na baill foirne:

“ **ATCG:** *Níl an lucht oibre ag fás gasta go leor. Níl go leor daoine ag teacht fríd an chóras agus tá sé thar a bheith deacair maoiniú a fháil chun daoine sa bhreis a fhostú chomh maith.* ”

“ **CL:** *I ndiaidh covid, chaill muid cuid mhór daoine, cuid acu chaill muid iad chuig a leithéid de Tesco agus Lidl a bhí ag tabhairt níos mó airgid faoi choinne níos lú oibre agus ní raibh na freagrachtaí céanna orthu...tá sé thar a bheith dúshlánach daoine a fháil isteach agus ní shílim go dtuigeann daoine an mhéid oibre atá i gceist le cúram lae agus an mhéid foghlaim a dhéanann na páistí agus iad anseo.* ”

“ **EA:** *Níl an luach atá curtha ar rólanna sna luathbhlianta maith go leor. Seasfaidh siad suas ag Stormont a rá cé chomh tábhachtach agus luachmhar is atá na luathbhlianta...bíonn oibrí sna luathbhlianta freagrach as cúram leanaí, cumhdach leanaí, forbairt iomlánach an pháiste, sláinte mheabhrach, sláinte mhothúchánach...tá siad freagrach as an oiread seo agus táthar ag tabhairt pá íseal dóibh.* ”

Bhí na rannpháirtithe ar fad ar chomhaontú go bhfuil an ráta pá d’oibrithe seirbhísí luathbhlianta thar a bheith íseal de bharr na freagrachta agus na tábhachta a bhaineann le bheith ag obair le teaghlaigh agus daoine óga. Mhaígh na rannpháirtithe nach gcuirtear luach ar na hoibrithe seo an dóigh chéanna gus a chuirtear ar mhúinteoirí mar shampla, in ainneoin a bheith ina n-oideoirí ag a bhfuil freagrachtaí cúraim agus a dteastaíonn tacar sainscileanna uathúil uathu le hoibriú le daoine óga agus lena dtuismitheoirí. Ní

[5] https://www.altram.org/

[6] https://www.facebook.com/profile.php?id=100057252048592

hamháin sin ach tá próiseas fada a bhaint leis na cáilíochtaí a theastaíonn le hoibriú i gcomhthéacsanna seirbhíse luathbhlianta agus teaghlaigh a shealbhú, agus is cosúil gur rud é a chuireann na hoibrithe ó dhoras:

> **EA:** *Cuid mhaith de na hoibrithe sna luathbhlianta, bíonn post eile acu, bíonn 2 nó trí phost acu, agus don chuid is mó mná óga atá iontu, tá an obair millteanach trom agus tá an fhreagracht millteanach trom, agus níl an tuarastal ag teacht leis an ualach oibre.*

> **ATCG:** *Glacann sé 2 bhliain ar dhuine a bheith cáilithe ag leibhéal 3 - tá muid ag cailleadh daoine mar gheall air sin agus níl go leor daoine ag teacht fríd. Níl an luach ceart ar an obair. Nuair a amharcann tú ar na rátaí tuarastail agus eile, níl sé ag teacht leis na smaointí gurb iad na luathbhliantaí na bliantaí is tábhachtaí...caitear leis na daoine atá ag tabhairt faoin obair seo go huafásach.*

Chaith na rannpháirtithe solas freisin ar éilimh na n-oibrithe a bhaineann le nádúr na seirbhísí luathbhlianta agus teaghlaigh, agus maíonn na rannpháirtithe céanna go bhfuil tacar sainscileanna ag teastáil chun déileáil le teaghlaigh ar leibhéal tréadach(.) Bíonn dualgas orthu comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil do thuismitheoirí freisin. Mhol na tuismitheoirí na cleachtóirí Gaeilge go hard na spéire i limistéar pleanála teanga Bhéal Feirste Thiar as a ngairmiúlacht agus as a saineolas.

> **ATCG:** *Nuair atá tú ag plé le teaghlaigh, go háirithe leis na luathbhlianta, caithfidh an duine a bheith iomlán cumasach. Ní oibrí luathbhlianta amháin atá i gceist, caithfidh tú a bheith mar chomhairleoir, oibrí sóisialta in amanna agus tú ag láimhseáil dúshláin a thagann chun solais. Glacann sé am ar dhaoine a thraenáil.*

> **T:** *Tá an-saineolas ag na hoibrithe ansin atá ag obair sna tograí Gaeilge a bhfuil muid ag freastal air...ba léir sin. Sula raibh páistí agam bhí mé iomlán aineolach agus shíl mé go dtiocfadh le cibé duine a bheith ag plé le páistí ach ba léir nach fíor sin.*





**Feasacht a Spreagadh**

Cuimsíodh leis an téama deiridh a pléadh le linn na seisiún fócasghrúpa, feasacht a mhéadú i measc tuismitheoirí, eagraíochtaí agus comhlachtaí reachtúla maidir leis na tairbhí a bhaineann le páistí a thógáil trí Ghaeilge agus na tairbhí a bhaineann le dátheangachas luath. Labhair na tuismitheoirí ar an dualgas atá acu cur in iúl do na tuismitheoirí faoi na buntáistí ar fad a bhaineann le páistí a thógáil go dátheangach. Labhair na rannpháirtithe ar na tairbhí a bhaineann le cláir thumtha luath agus ar an dóigh a gcuireann seirbhísí do theaghlaigh blianta breise de theagmháil leis an teanga sula dtosaíonn na páistí oideachas foirmiúil.

“ **CL:** *deis forbartha iontach a bheireann sin do pháistí, bheireann an t-eispéireas luathbhlianta agus é trí mheán na Gaeilge bliantaí breise de thaithí do pháistí a bheith sáite sa teanga, aischothú a fuarthas ó tuismitheoirí nach bhfuil Gaeilge acu.* ”

Labhair na rannpháirtithe freisin ar an ghá le cur chuige uileghabhálach agus comhoibríoch le chur i bhfeidhm idir comhlachtaí reachtúla agus grúpaí teanga chun soláthar a leathnú a thuilleadh agus chun feabhas a chur ar sheirbhísí. Labhair na rannpháirtithe freisin ar na buntáistí breise a bhaineann le teagmháil leis an teanga a mhéadú ar mhaithe le pobal na Gaeilge agus ar mhaithe le cur le hiarrachtaí maidir le hathbheochan na teanga.

“ **SOD:** *is gá cur chuige iomlánach idir phobal agus stáit le sin a dhéanamh, agus feictear dom nach bhfuil sé sin really ag tarlú. Tá an phleanáil teanga ag déanamh an-obair ach feictear dom nach bhfuil an tacaíocht acu ón mbarr anuas.* ”

“ **ATCG:** *Caithfidh muid a bheith muiníneach i dtaobh fís s'againn... is cinnte go bhfuil buntáistí ann a bhaineann leis an dátheangachas ach tá rud eile níos doimhne i gceist anseo, inár gcroí, inár n-anam, tá muid ag iarraidh tabhairt faoi athbheochan, athreimniú teanga, tá muid ag iarraidh tabhairt faoin díchoilíniú, agus sílim go gcaithfidh muid a bheith muiníneach é sin a rá.* ”

Luaigh na tuismitheoirí na buntáistí arís eile a bhaineann lena bpáistí a bheith á dtógáil trí Ghaeilge agus an dóigh ar fhorbair siad feasacht chultúrtha agus theangeolaíoch, an dóigh a mbeidh siad mar shócmhainn dá bpiaraí nuair a chuirfidh siad tús le hoideachas foirmeálta agus an dóigh a mbeidh siad ina dtacaíocht do pháistí nach bhfuil á dtógáil trí Ghaeilge agus chomh maith leis sin, an dóigh ar chuir pobal na teanga braistint chómhuintearais dá bpáistí.

“ **T:** *Aithníonn mo mhac nuair atá duine ag labhairt i nGaeilge nó i mBéarla, fiú mé féin agus mo chéile nuair a bhíonn muid ag labhairt i mBéarla, tugann sé amach dúinn. Tá an tuiscint atá aige ar an domhan cheanna féin chomh suimiúil, fiú ar an dóigh a mbíonn daoine ag labhairt, an dóigh a n-aithníonn sé an éagsúlacht sin, nuair a chluineann muid daoine, b'fhéidir ó thíortha eile ag labhairt sa pháirc, bíonn sé a rá liom, an bhfuil siadsan ag labhairt i nGaeilge, but aithníonn sé gur teanga iomlán éagsúil í.* ”

“ **T:** *Dúradh linn go mbeidh mo mhac chomh luachmhar sa tseomra ranga, cosúil le support worker, sa rang mar gheall go bhfuil Gaeilge sa bhaile aige. Beidh tuiscint mhaith aige ar cad é atá ag dul ar aghaidh, beidh sé in ann treoracha a leanúint agus beidh páistí eile ag déanamh aithris air.* ”

“ **T:** *An dóigh a mothaíonn muid mar chuid de phobal, agus an dóigh a mothaíonn mo mhac cheana féin mar chuid de. Sílim go bhfuil a sense of place i gceist leis agus sílim go bhfuil sin thar a bheith tábhachtach dúinn mar chlann.* ”

Labhair na rannpháirtithe chomh maith ar an dul chun cinn a rinneadh maidir le spásanna a chruthú inar féidir an Ghaeilge a úsáid ar leibhéal sóisialta agus orgánach; an dóigh nach bhféachtar uirthi mar mhodh sealbhaithe ach mar mhodh cumarsáide agus comhrá le hÉireannaigh. Mhol na rannpháirtithe na deiseanna atá ar fáil do thuismitheoirí anois, agus chaith siad solas ar na forbairtí suntasacha a rinneadh thar thréimhse deich mbliana anuas go háirithe:

> **EA:** *Sílim le blianta fada, ní raibh mórán ann, agus bhí an dearcadh ann go raibh an Ghaeilge mar ábhar scoile agus ba sin é. Nuair a bhí mise ag teagasc, bhí daltaí ann a shíl ok labhairfidh mé Gaeilge anseo, ach a luaithe is a théim amach geata na scoile, Béarla amháin...mothaím anois go bhfuil roghanna níos fearr ann agus go bhfuil fógraíocht níos fearr déanta ar na himeachtaí.*

> **ATCG:** *Sílim go bhfuil muid in áit éagsúil anois ná mar a bhí muid 20 bliain ó shin nuair a bhí muid féin ar scoil, agus an Ghaeilge mar theanga a labhraíodh ar scoil amháin, agus sílim gur sin an sprioc is mó atá againn mar ghrúpa comhoibrithe ag teacht le chéile, go bhfuil an Ghaeilge le cloisteáil agus le húsáid thart ar na háiteanna a théann teaghlaigh de ghnáth agus é sin a dhéanamh chomh nadúrtha agus is féidir.*

> **ATCG:** *Cuireadh an bhéim ar an ghaeloideachas; is é sin an tobar ach ní sin an ceann scríbe, mar sin tá muid ag iarraidh pobal, inmharthana teanga a thógáil. Ní thig linn sin a dhéanamh le Gaeloideachas amháin...an áit a bhfuil muid ag iarraidh dul agus an áit is dúshlánaí ná daoine a bheith ag tógáil clainne le Gaeilge sa bhaile.*

Labhair na rannpháirtithe ar an tábhacht leis na hiarrachtaí leanúnacha chun feasacht a spreagadh ní hamháin ar mhaithe leis na buntáistí cognaíocha a bhaineann le dátheangachas ach an tábhacht le teanga agus le haithint na gcearta agus dóigh ar féidir tuilleadh deiseanna a ghineadh agus a fhorbairt chun tuilleadh teaghlach a spreagadh an Ghaeilge a úsáid sa bhaile.



“**EA:** *Ghlac sé tamall fada orainn a bheith ag comhoibriú lena leithéid de chláir ón roinn oideachais, ‘Getting Ready to Learn’ mar shampla, go háirithe mar gheall ar covid agus na comhráití agus feachtasaíocht a thit amach maidir le cúrsaí dlíthiúla agus dualgas i dtaobh cearta teanga, tá anois daoine ag teacht chugainn ar lorg tuilleadh deiseanna don chomhoibriú.*”

“**ATCG:** *Tá an ardú feasachta ríthábhachtach - leis an chaidreamh le leanbh ach go háirithe ba mhaith leat go mbeidh an teagmháil sin chomh nadúrtha agus is féidir, caithfidh muid a bheith tuisceanach faoi seo, cad é is féidir linn a dhéanamh le tacú le níos mó tuismitheoirí.’ na céimeanna seo a ghlacadh.*”

Tar éis achoimre a thabhairt ar na téamaí follasacha ó na sonraí taighde a bailíodh mar chuid den mheasúnú seo, cuirfear anailís achoimre ar fáil ar na téamaí taighde sula ndéanfar moltaí le haghaidh tuilleadh forbartha maidir le seirbhísí teanga do theaghlaigh.

## Achoimre

Sna sonraí a bailíodh mar chuid den tuarascáil taighde mheastóireachta seo, aimsíodh cuntais shaibhre agus léirsteanacha ó pháirtithe leasmhara éagsúla in earnáil na Gaeilge do theaghlaigh, lena n áirítear ó thuismitheoirí iad féin, rud tábhachtach. Luadh na téamaí seo a leanas mar phointí coitianta plé i measc na dtuismitheoirí, i measc baill foirne d’eagraíochtaí seirbhíse do theaghlaigh, agus ionadaithe ó chomhlachtaí abhcóideachta agus reachtúla:

- Caidrimh agus Maoirseacht Tuismitheoirí a Chothú
- Acmhainní agus Tacaíocht
- Oiliúint agus Forbairt Lucht Saothair
- Feasacht a Spreagadh

Is léir go bhfuil eagraíochtaí atá páirteach in earnáil na Gaeilge do na luathbhlianta agus do theaghlaigh ag tabhairt faoi cheannródaíocht chun an réimse seo a chruthú agus a fhorbairt, agus is minic nach mbíonn ach beagán tacaíochta reachtúla acu má bhíonn ar chor ar bith ná infheistíocht leordhóthanach i seirbhísí. In ainneoin na ndúshlán seo, leanann siad de sheirbhísí riachtanacha a chur ar fáil a chothaíonn fás na Gaeilge i measc páistí óga agus a dteaghlaigh. Leagann an gealltanas seo béim ar thiomantas agus ar acmhainneacht na ndaoine atá ag obair san earnáil, rud a cruthaíodh roinnt uaireanta i sonraí an taighde. Caithfear céimeanna a thógáil chun tuismitheoirí a chumhachtú trí thacú leo muinín agus inniúlacht theangeolaíoch a fhorbairt, rud atá riachtanach chun an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga a bhfuil borradh fúithi sa phobal trí chultúir de thumadh teangeolaíoch a chothú i ndinimic theaghlaigh. Nuair a chuireann na tuismitheoirí acmhainní agus tacaíocht ar fáil, d’fhéadfadh sé go n-aireodh na tuismitheoirí níos cumasaí chun Gaeilge a thabhairt isteach ina saol laethúil, rud a neartaíonn an teanga laistigh den bhaile. Is féidir an cumhachtú seo a bhaint amach trí cheardlanna, trí ghrúpaí tacaíochta, trí sholáthar seirbhísí agus trí eolas inrochtana faoi shealbhú teanga. Tá feasacht ar teanga an bhaile agus ar stór focal atá dírithe ar an teaghlach riachtanach agus teastaíonn acmhainní ó



theaghlaigh atá in ann freastal ar idirghníomhaíochtaí laethúla, rud a chabhraíonn le húsáid na Gaeilge a normalú sa bhaile. Tá an bhéim seo ar stór focal atá praiticiúil, dírithe ar an teaghlach in ann an teanga a dhéanamh níos inrochtana agus inúsáidte sa saol laethúil laistigh de chomhthéacsanna tumtha nó dátheangacha. Tá sé riachtanach freisin go mbeadh imeachtaí agus seirbhísí ar fáil go leanúnach agus go bhfógrófar iad go soiléir agus go ndéantar idirdhealú idir na cinn atá dírithe ar theaghlaigh a úsáideann Gaeilge mar theanga bhaile cheana agus na cinn atá dírithe ar theaghlaigh atá ag foghlaim na teanga. Tá an t-idirdhealú seo ina chabhair lena chinntiú go ndírítear ar na himeachtaí go cuí, agus fágann sé seo go gcothaítear timpeallacht thacúil do gach teaghlach beag beann ar a n-inniúlacht teanga reatha.

Maidir le soláthar na n-acmhainní, tá cruthú na n-acmhainní atá aois-oiriúnach riachtanach le haghaidh forbairt éifeachtach na scileanna teanga teaghlaigh. Ba cheart do na hacmhainní seo freastal ar chéimeanna forbartha na bpáistí, rud a dhéanann an Ghaeilge níos spraíúla agus níos tairbhí do na páistí agus dá dtuismitheoirí araon. Tá riachtanas géar ann le tuilleadh seirbhísí a spreagann páistí Gaeilge a labhairt lena chéile. Nuair a chruthaítear timpeallachtaí inar féidir le páistí idirghníomhú i nGaeilge, is féidir leis sin a bheith ina chabhair scileanna teanga a fhorbairt go nádúrtha agus go tarraingteach lena bpiaraí. Mhol go leor rannpháirtithe taighde go mba cheart go mbeadh na seirbhísí seo a bheith ar fáil ag an deireadh seachtaine agus ar bhonn rialta chun freastal ar sceidil teaghlaigh éagsúla agus chun teagmháil leanúnach leis an teanga a chinntiú. Tá infheistíocht shuntasach i soláthar seirbhíse pobail agus forbairt beartais ábhartha riachtanach freisin chun tacú le fás na hearnála Gaeilge do theaghlaigh. Cuimsítear leis sin, a bheith ag díriú ar acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil idir ábhar agus airgead, chun teagmháil agus tionchar na gclár seo a chothú agus a leathnú, cláir, is léir, atá ag teastáil ó phobal na Gaeilge atá ag fás.

Maidir le deiseanna oiliúna agus deiseanna maidir le forbairt an luchta saothair, tá sé riachtanach go n-aithnítear agus go gcuirtear luach ar an mhéid a dhéanann na hoibrithe seirbhíse teanga luathbhlianta

agus teaghlaigh. Má dhéantar infheistíocht ina bhforbairt agus má chinntítear go bhfuil na scileanna agus na cáilíochtaí cuí acu, cuirfidh sé sin feabhas ar cháilíocht an oideachais agus an chúraim a chuirtear ar fáil. Cuimsítear leis seo feasacht a spreagadh ar na buntáistí a bhaineann le dátheangachas agus le suntasacht chultúrtha de bheith i do chainteoir Gaeilge, rud a chothaíonn braistint phobail agus braistint chómhuintearais. Tá straitéis forbartha luchta saothair riachtanach chun tacú le fás na hearnála, agus ba cheart go gcuimseofaí leis sin athbhreithniú a dhéanamh ar na cáilíochtaí a theastaíonn le haghaidh oibrithe seirbhíse teanga teaghlaigh agus oiliúint ar leith a chur ar fáil le haghaidh soláthar seirbhíse tumtha teaghlaigh.

Faoi dheireadh, tá sé riachtanach go gcruthaítear deiseanna maidir le húsáid na teanga lasmuigh den seomra ranga agus lasmuigh (de) sholáthar foirmeálta do na luathbhlianta ionas go gcothófar an teanga do na glúnta a thiocfaidh inár ndiaidh. Nuair a spreagtar úsáid na Gaeilge i roinnt comhthéacsanna, cabhraíonn sé le páistí agus le teaghlaigh glacadh léi mar theanga bheo, teanga atá lárnach in saol laethúil agus ina n-idirghníomhaíochtaí sa phobal. Tá sé riachtanach go spreagtar feasacht faoi na buntáistí a bhaineann le dátheangachas freisin; rud a chruthaítear ar fud na tuarascála, cuireann dátheangachas tairbhí cognaíocha, síceolaíochta, fiseolaíocha, agus sóisialta ar fáil. Má chuirtear na buntáistí sin chun cinn, d'fhéadfaí tuilleadh teaghlach a spreagadh páirt a ghlacadh in oideachas Gaeilge agus tacú le fás na teanga laistigh dá bpobail féin, agus sa bhaile go háirithe. Ina leith sin, nuair a spreagtar feasacht faoin tábhacht le deiseanna a chruthú lasmuigh den seomra ranga, cabhraíonn sé leis an teanga a chothú mar theanga phobail. D'fhéadfadh imeachtaí pobail, gníomhaíochtaí seach-churaclaim, imeachtaí tuismitheora/lapadáin agus tionscnaimh eile a bheith ina ndóigheanna spreagúla do pháistí agus do theaghlaigh úsáid a bhaint as an Ghaeilge sa saol laethúil.

Nochtann meascán de thorthaí ó shonraí an fhócasghrúpa agus an tsuirbhé, léargas suntasach ar na riachtanais agus ar na dúshláin a léiríodh a bhíonn roimh an earnáil Gaeilge teaghlaigh. Má thugtar aghaidh ar na dúshláin agus má dhéantar infheistíocht i bpríomhréimsí amhail caidrimh a chothú agus maoirseacht tuismitheoirí, acmhainní agus tacaíocht a chur ar fáil, an lucht saothair a fhorbairt agus feasacht a spreagadh, is féidir timpeallacht thacúil agus bhríomhar a chruthú do na baill is óige inár bpobal atá ag fás.

# Conclúid agus Moltaí

Rinneadh scrúdú sa tuarascáil taighde mheastóireachta seo ar sholáthar seirbhíse Gaeilge reatha do theaghlaigh i Limistéar Líonra Pleanála Teanga Gaeilge i mBéal Feirste Thiar. Leagadh amach forléargas comhthéacsúil ar an earnáil teaghlaigh chomh maith le scoláireacht ábhartha agus beartas ábhartha maidir leis na himpleachtaí a bhaineann le cláir thumtha dhúchasacha agus maidir le soláthar seirbhíse. Úsáideadh na ceisteanna taighde mar chreat treorach chun modheolaíocht ilmhódach, rannpháirteach lena n-áirítear cúrsaíocht suirbhé anaithnid i measc tuismitheoirí agus i measc cúig fhócasghrúpa leath-struchtúrtha agus plé agallaimh le cleachtóirí luathbhlianta, le heagraíochtaí reachtúla agus abhcóideachta agus le tuismitheoirí. In ainneoin an tsampla bhig, fuarthas cuntas cuimsitheach sna sonraí agus sna fianaisí a bailíodh, cuntas cuimsitheach ar soláthar seirbhíse reatha sa limistéar pleanála teanga agus lasmuigh de, lenar cuimsíodh ionadaíocht ó lasmuigh de Limistéar Bhéal Feirste Thiar agus tuaisceart na hÉireann.

- Forbairt ar fheachtas straitéiseach, dírithe agus leanúnach a léiríonn ní hamháin na buntáistí cognaíocha a bhaineann le tumadh luath teanga ach na buntáistí fiseolaíocha agus aigneolaíocha a bhaineann le cur chun cinn agus caomhnú teanga dúchais
- Tá tuilleadh deiseanna le cur san áireamh leis an soláthar seirbhíse feabhsaithe agus breise sa Limistéar Líonra Pleanála Teanga Gaeilge le aghaidh tumadh Gaeilge agus teagmháil leis an Ghaeilge i seirbhísí sláinte agus cúram réamhbhreithe do teaghlaigh atá ag súil le páise, a dtugtar na hacmhainní cuí agus an t-airgead ceart dóibh.
- Infheistíocht leanúnach shuntasach ó ranna reachtúla chun soláthar Gaeilge do na luathbhlianta agus do theaghlaigh a fheabhsú agus a mhéadú.
- Tá acmhainní foghlama agus tumtha baile feabhsaithe le forbairt agus le cur ar fáil do theaghlaigh ón chéim réamhbhreithe suas chomh fada le haois na scoile ag a bhfuil ionchur ó pháirtí leasmhar Gaeilge agus a chuirtear ar fáil d'úsáideoirí agus d'fhoghlaimeoirí Gaeilge ag brath ar riachtanais na dteaghlach.
- Dearadh agus cur i bhfeidhm straitéise forbartha seirbhíse Gaeilge do theaghlaigh a spreagann agus a mheallann daoine glacadh le róil cleachtóra teanga do theaghlaigh amach anseo mar aon le hathbhreithniú ar thuarastal reatha agus dálaí oibre d'oibrithe luathbhlianta.
- Forbairt an tumtha teanga fheabhsaithe dírithe ar chláir oiliúna do chleachtóirí teanga do theaghlaigh.
- Forbairt na modhanna tumtha teanga atá níos feiliúnaí ó thaobh aoise agus teanga de trí thuilleadh acmhainní meán agus litríochta clóite a chruthú atá dírithe ar na blianta 0–3.
- Cur i bhfeidhm na moltaí sin sa limistéar pleanála teanga Gaeilge i mBéal Feirste Thiar chun samhail dea-chleachtais a chruthú atá in ann tacú le feabhsú na seirbhísí ar fud Bhéal Feirste agus níos faide i gcéin, go háirithe i gceantair thuaithe.

Tugann na torthaí le fios, cé go raibh tionchar suntasach ag na seirbhísí Gaeilge reatha do theaghlaigh i mBéal Feirste Thiar ar theaghlaigh atá ag tógáil a gclainne trí Ghaeilge agus ar na teaghlaigh atá ag foghlaim Gaeilge lena bpáistí, tá roinnt saincheisteanna a bhaineann leo maidir le maoiniú leordhóthanach, acmhainní agus lucht saothair. Léirigh na tuismitheoirí ar fud Thuaisceart Éireann, a ghlac páirt sa taighde, tacaíocht shuntasach agus dúirt go mbeadh tairbhí na seirbhísí ar fhreastail siad orthu thar a bheith dearfach. Is iad na héascaitheoirí cláir, a d'eagraigh agus a reáchtáil na seisiúin, a chabhraigh le deiseanna sóisialta a chruthú dá dteaghlaigh chun páirt a ghlacadh ann, a fuair moladh

ar leith as spás normálta, sábháilte agus spreagthach a chruthú agus is iad a chabhraigh le teaghlaigh naisc agus caidrimh a chruthú lena bpiaraí, cé go bhfágann gnéithe eile, lena n-áirítear leithdháileadh acmhainní reatha, go bhfuil na seirbhísí seo teoranta i gcónaí agus neamhréireach, in ainneoin an éilimh shuntasaigh.

Chun feabhas a chur ar aschur seirbhíse soláthair seirbhíse Gaeilge do theaghlaigh, tá infheistíocht shuntasach agus tacaíocht reachtúil ag teastáil ionas go bhforbrófar, go seachadfar agus go leathnófar an tseirbhís go cuí de réir an éilimh pobail atá ann. Tá gá freisin le hacmhainní teanga cuí a chur ar fáil do theaghlaigh le bheith in ann a bheith rannpháirteach sa bhaile chun cultúr de thumadh teanga a ghiniúint agus chun deiseanna a chur ar fáil don chéad teagmháil ionas go ndéanfar é sin trí Ghaeilge. Níl dabht ar bith ach go gcuirfidh sé seo le pobal na Gaeilge atá ag fás agus le hiarrachtaí athbheochana a bhfuil eagraíochtaí pobail ag tabhairt fúthu agus le líonra pleanála teanga na Gaeilge, Fís an Phobail. D'fhéadfaí cás a dhéanamh go gcruthódh cur i bhfeidhm na moltaí seo mar aon le tacaíocht straitéiseach le haghaidh iarrachtaí reatha chun cleachtas comhoibríoch leanúnach a fhorbairt agus a fheabhsú leis na páirtithe leasmhara ar fad atá in earnáil na Gaeilge do theaghlaigh, d'fhéadfaí cás a dhéanamh go gcruthódh siad sin meicníocht inbhuanaitheacht do phobal na Gaeilge go ceann na nglúnta go leor a thiocfaidh inár ndiaidh.








Sásta
Lucky








TEASTAS
SCÉIM SAMHRAIDH AISLING ÓG
Maith thú
Ríonach Nic Giolla Bhéin





